<b>Brendan Bermingham &amp; Associates</b> Suirbhéirí Cainníocha don mac léinn is fearr ar an Teastas Náisiúnta i bhFoirgníocht i dTomhais agus i Meastúchán	Michael McManamon
<b>PJ Hegarty &amp; Sons</b> don mac léinn is fearr ar an Teastas Náisiúnta i bhFoirgníocht i Sláinte agus Sábháilteacht	Kevin Kennedy
<b>Gradam Roadstone</b> don mac léinn is fearr ar an Teastas Náisiúnta in Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta	Alan Dowdall



<b>Gradam Michael Punch &amp; Partners</b> don mac léinn is fearr ar an Dioplóma Náisiúnta Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta	David O'Donovan
<b>Gradam Michael Punch &amp; Partners don mac léinn is fearr</b> a fuair toradh san ábhar "Highways" ar an Dioplóma Náisiúnta in Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta	David O'Donovan
<b>Gradam Memorex Telex Ireland Ltd</b> don mac léinn is fearr ar an Teastas Náisiúnta i Ríomhaireacht Fheidhmeach	Brian Thompson
<b>Gradam Bhord na gCon</b> don mac léinn is fearr ar an Dioplóma Náisiúnta i Ríomhaireacht in Innealtóireacht Bhogearraí	Sean Martin Hanley
<b>Gradam Information Technology Systems</b> don mac léinn is fearr ar an B.Sc. i gCórais Faisnéise	Lisa Maria Marigliano
<b>Gradam Memorex Telex Ireland</b> don Miontráchtas is fearr ar an B.Sc. i gCórais Faisnéise	Ronan McDermott
<b>Gradam Avocent International</b> don mac léinn is fearr ar an Teastas Céimithe i Ríomhaireacht san Oideachas	Marcella Carolan Brian Thompson
<b>Gradam Mac Léinn HETAC</b> na Bliana	
<b>Gradam CIMA</b> don mac léinn is fearr ar an Teastas Náisiúnta i Staidéar Gnó le Feidhmchláir Ríomhairí	Elaine O'Loughlin
<b>Gradam DELL Computer Corporation</b> don mac léinn is fearr ar an Diop. Náis. i Staidéar Gnó i Ríomhaireacht Ghnó	Lisa Nicholson
<b>Gradam Ambasáid na Fraince</b> don mac léinn is fearr san ábhar 'Fraincis' ar an B.B.S. i Ríomhaireacht Ghnó	Laura Lowry
<b>Gradam Fitzpatrick Computer Group</b> don mac léinn is fearr ar an B.B.S. i Ríomhaireacht Ghnó	Marian Carcary Ciaran Keane, Deirdre McHugh, Michelle Meaney, Lorna Vaughan, Martin Doherty
<b>Gradam Eoin Gavin Transport Award</b> don dearadh leathanach idirlín is fearr ar an B.B.S. i Ríomhaireacht Ghnó	Richard Carroll
<b>Gradam Eoin Gavin Transport</b> don Miontráchtas is Fearr san B.B.S. i Ríomhaireacht Ghnó	Gareth Griffin
<b>Gradam Orygen Ltd</b> don mac léinn is fearr ar an B.Sc. i bhForbairt Bhogearraí	Rogier Schoenmakers
<b>Gradam 3D Eagleview International Award</b> don Tionscadal Taighde is fearr ar an B.Sc. i bhForbairt Bhogearraí	Siobhan Dunne
<b>Gradam AIB</b> don mac léinn is fearr ar an Teastas Náisiúnta i Staidéar Gnó i gCuntasaíocht/Airgeadas	Michelle Franklin
<b>Gradam Scoil na Staidéar Gairmiúla agus Bainistíochta</b> don mac léinn is fearr ar an Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Gnó i gCuntasaíocht/Airgeadas	Anna O'Callaghan
<b>Gradam CIMA/Kostal Ireland</b> don mac léinn is fearr ar an Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Gnó i gCuntasaíocht/Airgeadas	Tom Kennedy
<b>Gradam Aer Rianta Idirnáisiúnta</b> don mac léinn is fearr ar an B.B.S. i gCuntasaíocht agus Airgeadas	David O'Keeffe
<b>Gradam an Ard-Bhailitheora</b> don mac léinn is fearr ar an B.B.S. i gCuntasaíocht agus Airgeadas	David Fitzgerald
<b>Gradam GE Insurances</b> don mac léinn is fearr ar an Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Gnó i Margaíocht	

<b>Gradam Southern Advertising</b> don mac léinn is fearr ar an B.B.S. in Margaíocht	Clare Phelan
<b>Gradam Grafaicí Ríomhaire CompuB</b> don éacht is fearr le Teicneolaíocht Ríomhairí ar an B.Sc. i nDearadh (Cumarsáid)	John Duggan
<b>Gradam an Irish Times</b> don mac léinn is fearr ar an Dioplóma HETAC do Mhúinteoirí Ealaíona agus Dearadh	Niamh Kelly
<b>Gradam Cregal Ard</b> do na Gráid Stiúideo is Airde ar an B.A. sna Mínealaíona	Thomas Flanagan, Derek O' Sullivan, Linda Kavanagh
<b>Gradam Ceannacháin na gCoimisinéirí Ioncaim</b> dá saothar "Random Image Generator:	Saoirse McDermott Linda Kavanagh, Henna Rikka Halonen, Carmel O'Callaghan, Maeve Mulrennan, Rachel Flavin, Mary Claire O'Brien Lorraine A. O'Donovan Gerard Martin Malone Derek Brennan
<b>Gradam na gCoimisinéirí Ioncaim</b> don daltacht is fearr a léiríodh le linn an B.A. sna Mínealaíona ( <b>Péintéireacht</b> )	Thomas Lillis John J Monahan
<b>Gradam O Mahony Booksellers</b> in aitheantas ar a saothar acadúil agus mar chúnamh do staidéar breise	Jeffrey Ryan
<b>Gradam AIB</b> don mac léinn is fearr i Leictreonaic	Gerard Austin
<b>Gradam Kirby Electrical</b> don saothar tionscadail is fearr ar an Dioplóma Náisiúnta in Innealtóireacht in Innealtóireacht Leictreonach	Thomas Lee
<b>Gradam Aughinish Alumina</b> don mac léinn is fearr ar an Dioplóma Náisiúnta Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Uathoibríthe agus Rialúcháin	John P O'Connell Ann Marie Mee Rebecca Casey
<b>Gradam Proctor &amp; Gamble Manufacturing</b> don saothar tionscadail is fearr sa Dioplóma Náisiúnta Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Uathoibríthe agus Rialúcháin	Joanne M. Costello
<b>Gradam Analog Devices BV</b> ar son an fhiúntais i gcomhtháthú na ngnéithe oideachasúla den Dioplóma Náisiúnta in Innealtóireacht i dTeicneolaíocht Uathoibríthe agus Rialúcháin le riachtanas an tionscal déantúsaíochta	Mary Ryan Anne M. McEniry Mary Lafferty Leonard Grace
<b>Gradam Analog Devices BV</b> don mac léinn is fearr sa Roinn Innealtóireachta Leictreach agus Leictreonaigh, ag cumascú Roinn na Cumarsáide	Una Pearl Vera Nevin
<b>Gradam Mac Léinn CERT na Bliana</b>	Kevin Gallagher Joanna Tierney
<b>Gradam Shannon Hotel Supplies</b> don mac léinn is inmholta	
<b>Gradam an Restaurant Association of Ireland</b> ar son feabhais i bhFreastal Bialanna	
<b>Gradam Fhorbairt na Sionnaine/Irish EWMCS</b> do mhac léinn cócaireachta na bliana	
<b>Forbairt na Sionnaine Ionad Bia Luimnigh Céimí na Bliana</b>	
<b>Irish Hotels Federation</b> Gradam Céimí	
Painéal na bPríomhchócairí: An Cistineoir is Fearr	
<b>Caisleán Dhroim Ólainn</b> Imeacht Chistine na bliana faoi stiúir mhic léinn	
<b>Gradam Féile Foxfield</b>	
<b>Gradam Ghild na bPríomhchócairí</b> ar son comhsheasmhacht i gCeird na Cistineoireachta	
<b>British Epicurean</b> an Mac Léinn Cistineoireachta is forásaí	

<b>Bruce Shaw Partnership</b> gradam ar son an mhiontráchtas is fearr sa bhliain dheireanach den B.Ss. i Suirbhéireacht Caimníochta	David Stanley
<b>Gradam Henry Kelly and Partners</b> ar son gaisce ar leith sa bhliain dheireanach den B.Ss. i Suirbhéireacht Caimníochta	Donal McIntyre
<b>Gradam John Cuddy &amp; Partners</b> ar son gaisce ar leith sa chéad bhliain den B.Ss. i Suirbhéireacht Caimníochta	Marion Neville
<b>Duais Oideachais RICS</b> mar aitheantas ar ghaisce acadúil sa chéad bhliain den B.Ss. i Suirbhéireacht Caimníochta	Marion Neville
<b>Gradam Langdon PKS</b> ar son gaisce ar leith sa dara bliain den B.Ss. i Suirbhéireacht Caimníochta	David Cuddy
<b>Gradam SCS</b> don mac léinn is fearr ar an B.Sc. i Luacháil agus i mBainistíocht Mhaoine	Mary Cuddy
<b>Duais Oideachais RICS</b> mar aitheantas ar ghaisce acadúil sa bhliain dheireanach den B.Sc i Luacháil agus i mBainistíocht Mhaoine	Jonathan Gleeson
<b>Gradaim IAVI</b> urraithe ag Ceantálaithe Chesser, an Nenagh Guardian agus an Evening Echo ar son na marcanna is airde sa bhliain dheireanach den B.Sc. i Luacháil agus i mBainistíocht Mhaoine	Mary Cuddy
<b>Gradaim IAVI</b> urraithe ag Ceantálaithe Chesser, an Nenagh Guardian agus an Evening Echo ar son na marcanna is airde sa chéad bhliain den B.Sc. i Luacháil agus i mBainistíocht Mhaoine	Eoin Ryan
<b>Gradaim IAVI</b> urraithe ag Ceantálaithe Chesser, an Nenagh Guardian agus an Evening Echo ar son na marcanna is airde sa dara bliain den B.Sc. i Luacháil agus i mBainistíocht Mhaoine	Michael D Griffin
<b>Gradam an CIF</b> ar son gaisce ar leith sa bhliain dheireanach den B.Sc. i mBainistíocht Foirgníochta	Aidan Ginnane
<b>Gradam SFADCo/CIOB</b> don mhiontráchtas is fearr sa bhliain dheireanach den B.Sc i mBainistíocht Foirgníochta	John McAlpine
<b>Gradam John Sisk &amp; Son Ltd</b> ar son gaisce ar leith sa dara bliain den B.Sc i mBainistíocht Foirgníochta	Eoin Eustace

### 3.8 Seirbhísí na Mac Léinn 2001/2002

Nuair a cuireadh na Táillí Cúrsa ar ceal blianta beaga ó shin, cuireadh Táille Seirbhísí Mac Léinn ar bun a chruthaigh deis chun tús a chur le réi mse leathan de sheirbhísí ardrúndachta do mhic léinn nó iad a fheabhsú. Cuireadh tús le cuid mhaith de na seirbhísí seo i 1995, ach cuireadh leo le roinnt blianta anuas chun freastal ar an ardú leanúnach i líon na mac léinn.

#### Séiplíneacht

Is é an tAthair Noel Kirwan atá ina Shéiplíneach agus bhí sé ar fáil i gcónaí le cinntiú go socródh na mic léinn síos go maith san Institiúid, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí i bhfad ó bhaile den chéad uair. Bhí sé ar fáil chomh maith do mhic léinn a bhí faoi bhrú nó faoi strus de chineál ar bith le linn a gcuid ama sa Choláiste. Bhí a dhoras ar leathadh i gcónaí.

#### Leigheas

Chuir Aonad Sláinte na Mic Léinn seirbhís leighis faoi rún ar fáil do mhic léinn faoi cheannas Altra na hInstitiúide, Alice Meagher. I measc na n-áiseanna atá ar fáil tá seomra leighis agus tá dochtúirí éagsúla ar fáil, ag freastal ar an gcampas féin nó i seomraí míochaine in aice leis an dá champas. Caitheann Altra eile, Kay Dunne, formhór a cuid ama ar champas Shráid an Chláir. Leis na huairéanta breise a bhí ar fáil, bhí sé ar chumas an dá altra cur chuige dearbhghníomhach a sholáthar ar mhaithe leis an Oideachas Sláinte san Institiúid.

Le bliain anuas rinne 250 mac léinn ar an meán teangmháil leis an Aonad Sláinte gach seachtain, le Tarchur Dochtúra, Cóirithe, Baint Uaime, Garchabhair, Teastais Tinnis, Gortaithe agus ábhair inní. D'éirigh leis an seirbhís dhá sheomra in aice le chéile a fháil os cionn an cheaintín ar chanpas Shráid an Chláir agus d'éirigh go han-mhaith le seo mar gur fheabhsaigh an tseirbhís agus duine den bhfoireann i láthair go laethúil agus mar go raibh rochtain níos fearr ag na mic léinn air. Rinneadh athbhreithniú ar na huairéanta Altrachta agus méadaíodh go 50 uair iad, 35 ar champas Pháirc Mhaighlis agus 15 sa Scoil Ealaíon agus Deartha.

D'éirigh go han-mhaith le dhá lá Cur chun Cinn na Sláinte agus bhí seastáin ann faoi Sláinte, Meiningíteas, Asthma Nurse, Red Ribbon, Money Matters, Cura, Family Planning Centre, Aware agus Seirbhísí Tacaíochta na Mic Léinn. Chomh maith le sin bhí Aonad Taistil Feasacht Ailse Marie Keating i láthair ag an dá shuíomh chun comhairle agus eolas a thabhairt faoi luathaimsiú Ailse. Ar chuireadh ó Bhord Sláinte an Iarthair Láir, bhí an dá shuíomh páirteach i Lá Dúshláin na nOspidéal chun tábhacht ghníomhaíochtaí fisiciúla don saol sláintiúil a chur chun cinn agus bhí an bheirt altra páirteach i Laethanta Oiliúna faoi Éirí as an Tabac. Mar a tharla blianta eile, bhí tionchar mór i gcónaí ag na Grúpaí Tacaíochta ar mhic léinn agus leathnaíodh iad le Grúpa Tacaíochta Éirí as Tabac agus Cailliúint Meáchain.

D'éirigh go breá arís leis an gclár ionduchtaithe agus clúdaíodh a lán réimsí nua, le dráma Ionduchtaithe a scríobh John Geraghty agus a cuireadh i láthair 13 grúpa. Tá breis eolais le fáil sa roinn faoin gcumann Drámaíochta. D'fhreastail an tAltra chomh maith ar chruinnithe rialta le Cinn Roinne agus Scoileana, tá sí ina ball den Choiste Sláinte agus Sábháilteachta agus chuir sí tacaíocht ar fáil ag Am Scrúdaithe, nuair a d'iarr 12% de na mic léinn cúnaimh ag an am sin.

## **Comhairleoireacht**

Leanadh ar aghaidh le forbairt sheirbhís chomhairleoireachta le blianta beaga anuas agus chuir an tseirbhís seo cláir fhorbartha ghinearálta agus phearsanta ar fáil do mhic léinn. I measc na bhfadhbanna a bhí ann bhí strus, uaigneas, easpa muiníne, fadhbanna teaghlaigh, méala, ainíde, fadhbanna sláinte, fadhbanna caidrimh, eagrú mic léinn, srl. Cuireadh Grúpaí Tacaíochta ar bun freisin chun plé le cuid mhór de na fadhbanna seo agus spreagadh mic léinn chun páirt a ghlacadh sna seisiúin ghrúpa. Ní raibh fadhb ar bith rómhór ná róbheag do na Comhairleoirí agus níor ghá go mbeadh na mic léinn i gcruachás chun leas a bhaint as an seirbhís in aisce seo. Moladh do na mic léinn bualadh isteach ag na hamanta a bhí fógraithe ag tús an téarma. Chun freastal ar an éileamh méadaithe ar an seirbhís, ceapadh an dara Comhairleoir, Katherine Willusc, agus chaith sí a cuid ama idir Pháirc Mhaighlis agus campas Shráid an Chláir.

## **Gairmeacha agus Ceapacháin**

Bhí Frances Egan gníomhach i gcónaí le Seirbhís Gairmeacha agus Ceapacháin do na mic léinn atá ag dul isteach sa bhfórsa oibre. Thug sí cúnaimh maidir le:

- (i) Scileanna Ullmhúchán C.V.
- (ii) Scileanna Agallaimh
- (iii) Cuairteanna ó na hEarnála Ábhartha Tionscail
- (iv) Idirchaidreamh le tionscail agus gnó maidir le hearcú céimithe
- (v) Sceidealú agallamh mar ba chúí

Bhí an tSeirbhís ag forbairt léi i rith na bliana chun freastal ar riachtanais ár gcuid céimithe agus an tionscail i gcoitinne.

## **Seirbhís Rochtana**

Is Institiúid comhdheiseanna í Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Eascraíonn polasaí Rochtana na hinstitiúide ó fhealsúnacht chomhtháite agus iniaimh shóisialta atá tiomanta do na seirbhísí tacaíochta riachtanacha a sholáthar pé áit is féidir. Is í Aidhm an tSeirbhís Rochtana iontráil agus páirtíocht i gcláir acadúla agus i saol na mac léinn san Institiúid a chur chun cinn agus a éascú do mhic léinn aibí, do mhic léinn le riachtanais ar leith agus do mhic léinn ó ghrúpaí nach bhfuil páirtíocht iomlán acu fós.

Ba iad seo leanas feidhmeanna Seirbhís Rochtana ITL le linn 2001/2002

- Rochtain ar son Iniamh Sóisialta a spreagadh agus a chur chun cinn i measc mic léinn ionchasacha.
- bualadh le mic léinn chun a fháil amach cad is gá a dhéanamh chun cabhrú leo maidir le hiontráil agus le páirtíocht sna cláir Acadúla a chuireann an Institiúid ar fáil
- a chinntiú go bhfuil bunús réadúil le fuireachas na mac léinn ionchasacha ionas gur féidir leo roghanna eolacha a dhéanamh
- cóiríochtaí réasúnta a lorg agus a chur ar bun de réir mar is gá chun go mbeadh ar chumas na mic léinn leas a bhaint as an gclár a roghnaíonn siad
- a bheith in idirchaidreamh le hOifigigh éagsúla na hInstitiúide, le Scoileanna agus Ranna agus le Foireann Seirbhísí Mic Léinn na hInstitiúide.

Bunaíodh an tSeirbhís Rochtana i mí Bealtaine 2000 agus cuireadh tús leis mar chuid de thogra ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil sa tríú leibhéal. Tugadh conradh do Pauline Lenihan chun an tseirbhís a sholáthar. Cuirtear an tacaíocht ar fáil ar mhodhanna éagsúla. i. Tacaíocht Airgeadais, Tacaíocht Teagaisc, agus Tacaíocht Aonair agus Ghrúpa. Fuarthas maoiniú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, chomh maith le ranníocaíochtaí ó fhoinsí eile, asbhaintí foirne san áireamh.

Cuirtear an tacaíocht ar fáil ar na modhanna seo leanas do mhic léinn:

- Tacaíocht Shainiúil Teagaisc don Disléicse
- Grúpa Tacaíochta don Disléicse
- Tacaíocht Aonair
- Tacaíocht Scrúdaithe
- Plean Pholasaí dréachtaithe faoi Chomhdheiseanna agus Rochtain do Mhic Léinn le Míchumas
- Traenáil Foirne

Cuireadh tús le Grúpa Tuismitheoirí chomh maith, agus ní raibh sé teoranta do na mic léinn aibí ná do mhic léinn mná amháin. Ba iad na ceisteanna ba mhó a tháinig aníos ná deacrachtaí lóistín agus costas agus infhaighteacht chúram clainne.

Le linn 2001/2002 lean Ciste Cúnamh Mac Léinn/Rochtana an Roinn Oideachais Agus Eolaíochta, le cúnamh ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ar aghaidh do Institiúidí Tríú Léibhéal, ba é cuspóir an chiste dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil trí thacaíocht airgeadais a thabhairt do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste a raibh cúnamh airgid de dhith orthu chun leas iomlán a bhaint as a gcuid staidéar tríú leibhéal.

### **Seirbhís Lóistín**

Bhí Lily Goggin i mbun an tSeirbhís Lóistín i rith na bliana agus chabhraigh sí le mic léinn lóistín a fháil agus plé le deacrachtaí a bhí acu sa réimse sin. D'fheidhmigh Lily seirbhís tarchurtha ionas nach raibh na daoine céanna ag dul go dtí an áit chéanna. Dá thoradh sin, tá an-aithne aici ar an gcóiríocht agus ar na tiarnaí talún sa cheantar, agus tá sí láncháilithe dá réir chun comhairle a chur ar mhic léinn nuair a thagann siad go Luimneach den chéad uair.

### **Cumann na Mac Léinn**

Tá an Cumann ag feidhmiú i gcónaí mar ionadaí neamhspleách agus mar sheirbhís tacaíochta do mhic léinn trí Údarás an Choláiste agus an Chomhairle Acadúil, agus ag leibhéal Scoile, Roinne agus ranga. D'eascair cuid mhaith den bhforbairt atá imlínithe sa tuarascáil as an gcomhoibriú idir an Bhainistíocht agus na Mic Léinn. Leanadh le Seachtain na nGiobal, Seachtain na Nuaíosach agus siamsaíocht eile agus tugadh tacaíocht do chlubanna agus cumainn i rith na bliana. Bronnadh an brabús as cuid mhór de na himeachtaí seo ar charthanachtaí áitiúla.

## **Cumann Gaelach**

Bhí Seanán Ó Coistín as láthair ar shocrúchán fostaíochta, agus ghlac Deirdre Ní Mhathúna, Uachtarán Chumann na Gaeilge i UL a áit i 2001/2002. Tháinig Deirdre chugainn i mí Deireadh Fómhair 2001 agus chaith sí an chéad chúpla mí ag dul i dteangmháil le baill na bliana roimhe sin agus ag bunú teangmhálacha nua. Rinneadh teangmháil le baill Chumann na Mic Léinn in ITL agus bhí siad an-chabhrach maidir le cruinnithe, úsáid oifig Chumann na Mac Léinn agus le cabhair airgid. Rinneadh teangmháil le Bainisteoir Stáisiúin Raidió Wired FM, agus le gníomhaireachtaí náisiúnta maidir le maoiniú agus tacaíocht a fháil. Ina measc bhí Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge, Gael Linn agus Bord na Gaeilge. Bhí spéis ar leith ag Foras na Gaeilge in urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí Gaeilge, ach iad a bheith ar scála measartha mór. Eagraíodh oícheanta Gaelacha in ionaid éagsúla sa chathair agus cuireadh tús le pleanáil ansin do Sheachtain na Gaeilge i mí Márta, i gcomhar le Conradh na Gaeilge i Luimneach. Rinneadh teangmháil le SPRAOI in Ollscoil Luimnigh, agus le Cumann na Gaeilge i gCol Mhuire gan Smál. An deireadh seachtaine roimh Sheachtain na Gaeilge eagraíodh deireadh seachtaine ó bhaile idir coláistí, le gigeanna, ceol Gealach srl do na coláistí agus na hollscoileanna go léir. Idir Shúgradh agus Dáiríre a tugadh ar an deireadh seachtaine a d’eagraigh Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge agus Gael Linn agus b’iontach an deireadh seachtaine é. Thug SPRAOI in Ollscoil Luimnigh cuireadh do Chumann ITL páirt a ghlacadh i gcluichí seó as Gaeilge le Hector as TG4 agus d’éirigh go hiontach leis seo chomh maith. Eagraíodh Turas na dTabhairní i gcathair Luimnigh agus chuir go leor de na tabharnóirí ceol Gaelach ar fáil go speisialta do na hoícheanta sin. Thug Superquinn spotdhuisseanna go leor dúinn cé nár chuir siad aon suim shuntasach airgid ar fáil, agus bhíomar an-bhuíoch dóibh.

Ina tuairisc dheireanach don bhliain, meas Deirdre gur tháinig feabhas mór ar Chumann na Gaeilge i rith na bliana, agus go raibh níos mó aird ná riamh ag na mic léinn ar an an gCumann. Tharla sé seo mar gheall ar mhórán tograí, ach go háirithe mar gheall ar sheastán a cuireadh in airde ar Lá Eolais na gClubanna agus na gCumann, agus mar gheall ar thacaíocht Chumann na Mac Léinn agus ionadaithe Wired FM.

## **Cumann Drámaíochta**

Mar chuid de na clubanna/cumainn chuir an stiúrthóir an Drámaíocht agus an Cumana Drámaíochta go háirithe chun cinn. An bhliain roimhe sin chuir John Geraghty, fear siamsaíochta a bhfuil cáil air agus an-taithí i Luimneach, Grúpa Drámaíochta ar bun agus cé gur thosaigh se go mall sa bhliain, agus go raibh brú scrúdaithe ann tar éis na Cásca, rinne bunobair go leor i gcúpla mí gearr:

- Ceardlanna grinn, agus ar shaothar J.B. Keane, O’Casey, Wilde, Behan agus Synge.
- Ceardlanna ar ábhar grinn as drámaí.
- Rinneadh cleacthaí ar ‘The Country Boy’ ach cuireadh siar é cheal ama mar gheall ar thosú go mall.
- Rinneadh dráma aon-ghnímh “Big Boys don’t Cry” le John Geraghty a chleachtadh agus a léiriú agus craoladh é ar Wired FM – stáisiún na mac léinn.
- Bhí ranganna againn sa Chaint Phoiblí.
- Ceardlanna scéalaíochta agus ‘Letters of a Matchmaker’ agus dráma raidió eile le John Geraghty agus saothar filíochta le Percy French.

Fostaíodh an tUas Geraghty i 201/02 arís chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gCumann Drámaíochta. Nuair a bhí an tIonduchtú do Mhic Léinn á phleanáil i rith an tSamhraidh, measadh gur mhaith an rud dráma gearr a léiriú agus iarradh ar an Uasal Geraghty dráma dárbh ainm “Beginning to End” a scríobh agus a léiriú. Thug sé seo léargas ar stíl mhaireachtála bheirt mhac léinn a fhágann an baile chun dul go Coláiste sa chathair mhór, agus na deacrachtaí a bhí acu le drugaí, ólachán, sairse, srl. Cuireadh i láthair 13 ghrúpa é agus ba é an léiriú deireanach díobh sin an chéad léiriú a rinneadh sa Téatar Mílaoise nua. I rith na bliana tugadh mic léinn go himeachtaí Amharclainne sa chathair agus rinneadh taifeadadh ar The Country Boy a craoladh ar Wired FM.

### **An Chomhairle Spóirt**

Tá ionadaíocht ag na mic léinn agus ag an bhfoireann go léir sa Chomhairle Spóirt agus tugann sé tacaíocht do chuid mhór spóirt. D'éirigh go maith le foirne na hInstitiúide go háirithe sa Rugbaí, Camógaíocht agus CLG sa tréimhse seo. Ceapadh Oifigeach Forbartha Lánai eartha CLG don Institiúid agus bronnadh scoláireachtaí CLG ar mhic léinn ar leith faoi scéim a d'eagraigh Comhairle na Mumhan den CLG.

### **Áiseanna na Mac Léinn**

Ba mhór an áis an Pháirc Uile-ai ire don Institiúid i rith na bliana. Bhí sí ar oscailt i rith na seachtaine agus an-éileamh air ag an deireadh seachtaine, agus ba iomaí cluiche den scoth a imródh inti. I measc nithe eile a fuair tacaíocht bhí lamháltas do mhic léinn ón Scoil Ealaíne agus Dearadh chun cuairt a thabhairt ar Iarsmalann Hunt, agus bronnadh deontaisí chomh maith ar son chatalóg Thaispeántas Bliantúil na Mac Léinn Ealaíne agus Dearadh. Tá pleananna ag dul ar aghaidh ar son Pháireanna Imeartha agus ba chóir go mbeadh siad seo réidh laistigh de bhliain.



### **3.9 Naisc Seachtracha Acadúla (a) Seachtrach (b) Idirnáisiúnta**

Tá naisc leanúnacha ag ITL leis na gníomhaíochtaí agus na heagraíochta forbartha áitiúla uile. Tá Forbairt na Sionnaine, an tÚdarás Forbartha Tionscal, agus IBEC.

Tá naisc leithheadacha ag ranna agus Scoileanna le cumainn ghairmiúla, trádála agus gnó.

Tá naisc á bhforbairt ag an Institiúid i gcónaí le heagraíochtaí san Eoraip agus níos faide ó bhaile. Tig le mic léinn cuid dá gcúrsaí a dhéanamh thar lear faoin gclár Erasmus. Is féidir le léachtóirí leas a bhaint as malartaithe faoin gclár seo.

Is gné de chuid mhaith cúrsaí in ITL an socrúchán i láthair oibre. Tá naisc cruthaithe le cuideachtaí in Éirinn agus san Eoraip. Úsáidtear cistí Leonardo chun maoiniú a chur ar fáil do shocrúchán na mac léinn i gcuideachtaí Eorpacha.

## Roinn a 4 Imeachtaí Taighde agus Forbartha

### 4.1 Réamhrá

Tá ionadaíocht ag an oifig Fhorbartha ar réimse leathan de choistí polasaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Is samplaí iad seo leanas: -

<b>MWRA</b>	<b>Údarás Réigiúnach an Mheán Iarthair:</b> Bunaithe ag an Rialtas mar mheán chun cistí struchtúrtha agus comhtháite Eorpacha a dháileadh agus a úsáid san am atá le teacht. Is iad ionadaithe tofa na gcomhairlí áitiúla sa réigiún atá ina mbaill den MWRA. Tá Michael Guerin (Ceann Gníomhach na Roinne) ina ionadaí ar son na hInstitiúide.
<b>Design Shannon</b>	Is gréasán é Design Shannon atá dírithe ar an dearadh a chur chun cinn i Réigiún na Sionnaine: An Clár, Luimneach, Tiobrad Árann Thuaidh, Uíbh Fháile Theas agus Ciarraí Thuaidh. Bíonn Design Shannon ag obair chun úsáid an dearadh i measc fiontair an réigiúin a mhéadú, chun scoth an dearadh a spreagadh go háitiúil.
<b>Gníomhaíochtaí Nuálacha</b>	Chuir Forbairt na Sionnaine tús le seo chun cabhrú le Fiontair Bheaga agus Meánmhéide i gceantair tuaithe. Bíonn sainchomhairliúchán lucht Acadúil agus Socrúchán Céimithe i gceist ann.

## 4.2 Gníomhaíochta Taighde agus Forbartha

Tá gníomhaíocht taighde na hInstitiúide ag dul ó neart go neart i gcónaí. D'éirigh go han-mhaith le foireann na hInstitiúide maoiniú taighde a fháil in ainneoin iomaíocht ghéar ó Institiúidí agus Ollscoileanna eile. D'éirigh linn arís maoiniú a fháil i rith na bliana seo.

Cuireadh tús le deich dtionscadal nua taighde sa bhliain reatha, agus tá 15 tionscadal taighde ar fad ar bun in ITL anois.

### 2002

<b>Cód Tionscadail</b>	<b>Ball Foirne</b>	<b>Luach (€)</b>	<b>Teideal</b>
Strand I P0080	Fergal Barry	34,000.00	Novel Electro-codeposition of engineering metals and electropolymers for high wear applications
IRCSET P0079	Terry Twomey Mike Winterburn	19,050.00	Virtual Reality on the Web
IRCSET P0078	Terry Twomey Ciara Staunton	19,050.00	A Study of Competitive Advantage from MRP/ERP systems
Strand I P0077	Terry Twomey/ Bill Lyons	33,500.00	Biometric Software
Strand I P0076	Joe Dunk	33,900.00	Design of a wind Turbine VSCF Converter
Strand I P0075	John Cosgrove/ Richard Nolan	34,000.00	Real Time Control with CAN
Strand I P0074	John Cosgrove/ Richard Nolan	34,000.00	OOP's for Industrial Automation
Strand I P0071	John Cosgrove/ Joseph Dunk	28,569.11	Design of a three phase power quality analyser with a data storage capabilities
Strand I P0066	Paul Greaney	28,569.11	The strategic adoption of manufacturing system technology into the Irish construction industry
Strand I P0084	Patricia Kielty	132,053.00	Enterprise Platform Programme 2002

## 4.3 Mic Léinn Iarchéime

Bhí na mic léinn iarchéime seo leanas ag freastal i rith na bliana 2001/2002

Yvonne Costin MBS  
Eoin McCarthy MA  
Declan Gleeson MBS  
Michael Byrne MA  
Kevin Delaney MA  
Barbara Fogarty Phd  
Martin Folan MA  
Tara Kelly M.Sc.  
Jayne Foley MA  
Kathleen O'Malley M.Sc.  
Martin Shannon MA  
Paul Hopkins M.Sc.  
Nathaniel Young MA  
Patricia Coffey M.Sc.  
Suzanne Geraghty MA  
Michael O'Brien M.Sc.  
Amy O'Riordan MA  
Fiona Walsh PhD  
Áine Philips MA

**Tionscadail ar Láimh**

<b>Cód Tionscadail</b>	<b>Ball Foirne</b>	<b>Luach (€)</b>	<b>Teideal</b>
Forbairt na Sionnaine Enterprise Ireland/Kilkenny Limestone P0064	Terry Twomey	15,257.9	Development of Innovation Strategy for Mid-West
Enterprise Ireland P0062	Fergal Barry	100,309.30	Assessment of potential applications for waste Irish Kilkenny blue limestone
Coimisiún na hEorpa P0061	Joe Dunk	8,792.00	3 Phase AC programmable source
Strand I P0060	John Cosgrove	8,081.37	EU REVIEW (EPOMA)
Forbairt na Sionnaine-Straitéis Nuála Réigiúnach P0059	Siobhan Moane	28,569.11	Forensic Drug Analysis (MSc Forensic Toxicology) INSERC 2001
Strand I P0058	Terry Twomey	20,000.00	
Strand I P0057	Fiona Regan	28,569.11	Study of Organic germaniation complexes
Enterprise Ireland P0056	Terry Twomey	28,569.20	A representational systems method of communications requirements in engineering & software development
Tommy O'Sullivan P0055	John Cosgrove/Joseph Dunk	8888.00	Taighde (Comhpháirtíochtaí Nuála)
Fundúireacht Katherine Howard P0054	Ciaran O'Loughlin	3,174.35	Tionscadal Taighde Ciaran O'Loughlin
Strand II P0051	Declan Redmond	1,904.61	Selective Ionophore based sensors for metal Foundation P0054
	Patricia Kielty	132,053.00	EPP 2001

#### 4.4 Forbairt an Champais

I rith na bliana rinneadh dul chun cinn leanúnach chun foirgnimh fhisiciúla na hInstitiúide a fhorbairt agus caitheadh breis is €5.8m ar infheistíochta caipitil agus foirgnimh sa tréimhse. Caitheadh €5.2m de sin ar Thionscadail thógála agus €0.6m ar threalamh caipitil agus ar chóiríocht na bhfoirgneamh. Is iad seo na tionscadail a cuireadh chun cinn nó i gcrích sas tréimhse:

- (a) Ceannach agus athchóiriú Maoine ar Bhóthar Chreatalaigh €2.1m
- (b) Forleathnú ar an mBloc Riaracháin ag Pháirc Mhaighlis
- (c) Tuilleadh feabhsúcháin ar bhonneagar Pháirc Mhaighlis, mar aon le glaoch sonraí €0.5m.

#### Roinn na Seirbhísí Ríomhaire:

##### 1. GRÉASÁN

Rinneadh uasghrádú substaintiúil ar líonra achar logánta (LAN) na hInstitiúide i 2001/02. Ó 1993 go 2000 gréasán Fáinne Ceadchomharthaí a shuiteáil IBM a bhí ann, ag rith ar chlápla Cineál 1 IBM ag 16 Mbps ar an gcnámh droma, le rochtain roinnte 16 Mbps chuig an deasc. Bhí an bonneagar seo as dáta faoi 2000 agus i bhfad rómhall do riachtanais na hInstitiúide a bhí ag méadú go mear. Beartaídh na teicneolaíochtaí gréasáin a athrú ó Fháinne Ceadchomharthaí go Ethernet agus cábla Cat5e UTP a chur in áit an chábla Cineál 1. Bhí an tionscadal seo rómhór chun é a chur i gcrích i dtréimhse gearr, áfach agus ba ghá ascain an ghréasáin a dhéanamh thar tréimhse níos faide. Ba é Mermorex Telex Ireland a ghnóthaigh an tairiscint don tionscadal seo, agus úsáid teicneolaíocht lascacháin Alcatel don ascain, bunaithe ar dheardh de chuid an chomhlacht gréasáin Xylan. Leis an teicneolaíocht seo b'fhéidir trácht an ghréasáin a lascadh idir choda Fháinne Ceadchomharthaí agus Ethernet an ghréasáin gan ródaire a úsáid eatarthu, rud a chruthódh scrog buidéil mór sa ghréasán. Sa dóigh seo bhíothas ábalta an dá theicneolaíocht a úsáid ag an am céanna gan bhriseadh agus ascain chéimiúil a dhéanamh. Tharla an mhórchuid den ascain ghréasáin i rith na bliana 2001/02.

Tá Alcatel Omicore 5052 i gcroílár an ghréasáin anois. Cuireann an t-athrú bandaleithead 52Gbps neamhbhacainneach ar fáil agus tacaíonn le lascadh ardfheidhme ag sraitheanna 2,3, agus 4. Tá an Lasc seo nasctha le Sraith Alcatel OmniS/R agus OmniStack 4000 agus 4100 trí Ethernet Gigabit ag rith ar cháblaí optaic snáithín ar mhodh singi agus ilmhodh. Tá ríomhairí deisce nasctha leis na lasca seo trí Ethernet Mearr ag rith ar chábla Cat53 UTP. Is furast an bonneagar gréasáin seo a uasghrádú chun Ethernet Gigabit a rith ar an deasc.

Tá an Institiúid ar chomhéadan HEANet tri ITNet, rud a thugann nasc banda leathan ar ardluais don choláiste ar an Idirlíon. Rinneadh uasghrádú ó 2Mbps go 4 Mbps air seo ag deireadh 2001 agus tá sé róraithe trí CISCO 3640 roimh theacht isteach i LAN ITL.

Rinneadh infheistíocht mhór i leathnú ghréasán Shráid an Chláir ionas go bhfuil rochtain air ó gach cuid den champas. B'éigean cáblaí optaic snáithín a rith ó chroílár an ghréasáin go cianlascanna a suiteáladh i gcaibinéid sreangaithe atá lonnaithe ar fud an champais. Suiteáladh líon mór pointí nua gréasáin sa ghréasán chomh maith.

## 2. **RÍOMHAIRÍ**

Rinneadh 220 ríomhairí a aschur san Ionad Ríomhairí agus sna seomraí ríomhaire. Dáileadh na ríomhairí achurtha amach i measc na foirne acadúla agus suiteáladh iad i leabharlanna le rochtain oscailte do ríomhaireacht na mac léinn.

- Suiteáladh 60 PC i seomra nua ríomhaire don chúrsa i Ríomhaireacht Gnó i Roinn Teicneolaíocht na Faisnéise.
- Suiteáladh 20 ríomhairí Apple agus formimeallaigh i seomra nua ríomhairí a cóiríodh don Roinn Ghrafaice an Scoil Ealaíne agus Dearadh i Sráid an Chláir.
- Suiteáladh seomra nua le rochtain oscailte sa leabharlann i bPáirc Mhaighlis, agus 20 PC ann le rochtain oscailte.
- Fuarthas bogearraí nua a cheadaigh achur na dteirminéal AS/400. Mar gur ar son úsáide AS/400 amháin a bhí na teirminéil seo, chruthaigh sé seo 31 spás breise le haghaidh múinteoireachta san Ionad Ríomhairí.

## 3. **FREASTALAITHE AGUS STÓRÁIL GRÉASÁIN**

- Suiteáladh freastalaí nua braisle le stóráil ceangailte leis don bhfoireann acadúil agus do mhic léinn. Tá stóráil ghréasáin ar fáil trí thiománaí mapáilte atá ar fáil chomh luath is a logálann úsáideoir isteach ar ghréasán an choláiste. Tá rochtain air ó PC ar bith i bhfearann na mac léin agus na foirne acadúla. Úsáidtear réiteach braisle Compaq Proliant DL380 le 432 GB de stóráil cainéil snáithín. Tá próiseálaí aonair Pentium III 733Mhz ag gach freastalaí le 1GB de SDRAM. Tá leabharlann téipe Compaq TL891 mar chúltaca ag an gcóras. Cuirtear na sonraí uile i gcúltaca gach oíche agus déantar téipeanna cúltaca a chóireáil as an suíomh.

Cuirtear 50MB de spás stórála ar fáil do gach mac léinn sa chéad agus sa dara bliain. Méadaítear é seo go 100MB sa tríú agus sa cheathrú bliain. Is féidir tuilleadh spáis a chur ar fáil ar son riachtanais ar leith ach é a iarraidh. Tá stóráil gan teorainn ag úsáideoirí ón bhfoireann acadúil.

- Suiteáladh freastalaí braisle le stóráil bhreise ar an ngréasán riaracháin i mí Iúil 2001. Tá tiománaithe mapáilte chuig an bhfreastalaí seo ag gach úsáideoir ar an ngréasán riaracháin agus caithfidh siad é a úsáid chun sonraí a stóráil. Déantar cúltacú ar na sonraí gach oíche agus déantar cóireáil ar théipeanna cúltaca as an suíomh. Tá Braisle Compaq Proliant CL380R le próiseálaithe dúbailte Pentium III 1GHz agus 1GB de SDRAM i ngach freastalaí mar chrua-earraí againn. Tá stóráil de chainéal snáithín 150GB le haonad cúltaca DLT sa chnuasach stórála.

- Suiteáladh freastalaí braisle le stóráil bhreise ar ghréasán Shráid an Chláir i mí na Nollag 2001. Tá tiománaithe mapáilte chuig an tiománaí seo ag gach úsáideoir ar ghréasán Shráid an Chláir agus is féidir leo é a úsáid chun sonraí stóráil. Déantar cúltaca de na sonraí uile gach oíche agus déantar cóireáil ar théipeanna cúltaca. Tá freastalaí Braisle Fujitsu Siemens Primergy P200 ann le próiseálaithe aonair Pentium III agus 1GB de SDRAM i ngach freastalaí. Tá 437 GB de stóráil chainéal snáithín sa chnuasach stórála agus tiománaí téipe 700 GB FastStor LTO mar chúltaca.

#### 4. **Priontáil na Mac Léinn**

- Suiteáladh 12 stáisiún nua saoradh priontaí san Ionad Ríomhairí agus sna seomraí ríomhairí i mí Lúnasa 2001. Úsáideann na stáisiúin seo léitheoirí cártaí a chuir Infineer ar fáil. Gearrtar 3c ar mhic léinn ar son priontáil dhubh agus 20 ar phriontáil daite.

- Fuarthas Printéir Líne Printonix P5210 in áit na seanphrintéirí líne IBM chun an phriontáil AS/400 a fheabhsú.

- Suiteálach Printéir Léasair Daite OKI 7200C san Ionad Ríomhairí don phriontáil dhaite.

#### 5. **Idirlíon/Intranet**

Rinneadh suíomh idirlín na hInstitiúide a fheabhsú agus a leathnú go mór. Baineadh cuid mhaith den fhaisnéis a bhí ann do bhail foirne agus do mhic léinn as an suíomh seachtrach agus cuireadh ar fáil é ar Intranet nua ar a dtugtar eLIT. Níl an intranet ar fáil ach don bhfoireann agus do mhic léinn agus tá rannóga ar leith ann dóibh. Cuireann Student Net raidhse faisnéise ar fáil do mhic léinn faoin saol ar an gcampas. I measc na n-ábhar is tábhachtaí tá: Seirbhísí na Mac Léinn, Seirbhísí Leabharlainne, Seirbhísí Ríomhaire, Treoir Staidéir, Aontas na Mac Léinn. Spóirt, Féilire Acadúil, Rialacháin agus Polasaithe. Tá spás ar leith ag gach roinn chun faisnéis a chur ar fáil do mhic léinn faoina gcuid cúrsaí. Tá an spás seo fo-roinnte de réir cúrsaí agus ábhair agus an fhaisnéis atá de dhíth ar na mic léinn ar fáil dóibh go héasca. Braitheann sé ar na léachtóirí féin faisnéis a chur ar fáil don intranet agus tá cuid acu níos gníomhaí ná roinnt eile.



Cuirtear seanpháipéir scrúdaithe ar a laghad ar fáil le haghaidh gach ábhar. De ghnáth úsáideann léachtóirí an spás seo chun ábhar forlíontach dá gcúrsaí a sholáthar do na mic léinn. Tá eolas luachmhar do bhaill na foirne ar fáil sa Seomra Foirne. Tá rochtain acu ar ábhar faoi pholasaithe Acmhainní Daonna agus faisnéise, seirbhísí Leabharlainne. Seirbhísí Ríomhairí, Sláinte agus Sábháilteacht, Polasaithe agus Gnáthaimh na hInstitiúide, Pleanáil Straitéiseach agus Taighde agus Faisnéis. Tá áis ag gach roinn chun a leathanach idirlín inmheánach féin a chur suas agus tá raidhse foirmeacha ar fáil le híoslódáil.

Tá seirbhísí Webmail ar fáil go forleathan don fhoireann agus do na mic léinn go léir i rith na bliana agus tá rochtain ag úsáideoirí anois ar a ríomhphost trí chliant Idirlín McDaemon ó ríomhaire ar bith atá ceangailte leis an Idirlíon.

#### 4.5 Sábháilteacht agus Áiseanna

##### **Coiste Comhairleach Sábháilteachta**

Lean obair an Choiste Comhairleach Sábháilteachta ar feadh na bliana agus bhí cruinniú aige gach téarma.

##### **Plean Gníomhaíochta Bainistiú Priacal**

Chuir ár n-árachasóirí Plean Gníomhaíochta Bainistiú Priacal le chéile le haghaidh LSAD, Sr. an Chláir agus Cé Sheoirse agus an Roinn Fáilteachais ar Champas Mhaighlise.

##### **Measúnú Priacail**

Rinneadh measúnú mionsonrach priacail ar LSAD Sr. an Chláir agus Cé Sheoirse agus sa Roinn Fáilteachais, Campas Mhaighlis.

##### **Sábháilteacht Tine**

Rinneadh seirbhísiú ar na múchtóirí tine faoi réir ag I.S. 291, ar fud na hInstitiúide. Ritheadh Cleachtadh Dóiteáin go rathúil ar Champas Mhaighlis agus i Sráid an Chláir. Rinneadh seirbhísiú ar na Córais Braite agus Rabhaidh Dóiteáin i Sr. an Chláir agus i gCampas Mhaighlis faoi réir ag I.S. 3218.

##### **An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta**

D’eagraigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta seimeár dar teideal “Sábháilteacht sa bhFoirgníocht” a bhí dírithe go sonrach ar fhochéimithe atá ag dul isteach san earnáil foirgníochta. D’fhreastail mic léinn as na cúrsaí i mBainistíocht Foirgníochta, Innealtóireacht Shibhialta, Teicneolaíocht na hAiltireachta agus Eacnamaíocht na Foirgníochta ar an seimineár.

Thug Cigire ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta cuairt ar an Roinn Eolaíochta, Campas Mhaighlis agus thug sé léiriú ginearálta ar shaincheisteanna áirithe ar ghá aird a thabhairt orthu. Cuireadh clár oibre le chéile chun tabhairt faoi na hábhair a pléadh.

##### **Timpistí**

Tuairiscíodh sé thimpiste agus daichead le linn na tréimhse, a tharla do 37 mac léinn, 7 mball foirne agus beirt chuariteoirí. Bhí cailliúint ama i gceist do cheathrar den fhoireann, agus cuireadh é sin in iúl don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Ní raibh aon lá caillte de bharr na dtimpistí do mhic léinn.

##### **Oiliúint**

Cuireadh oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil i gCéad Chabhair, láimhsiú, Tarrtháil ardaítheora, Úsáid Múchtóirí Tine, Sábháilteacht Gháis agus Dualgaisí Maor Tine.

##### **Scagadh Sláinte**

Bhain timpeall 62 fostaí leas as an gClár Scagadh Sláinte agus Stíl Mhaireachtála a ritheadh i bpáirt le Claymon Laboratories.

##### **Aeráil**

Suiteáladh córas aerála sna Stiúdeonna Péintéireachta, i Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh, Sr. an Chláir chun galuisce agus múch a bhaint amach as an áitreabh.

## 5. Pearsanra

Roinn 5

### 5.1 Tuarascáil Phearsanra, An Bhliain Acadúil 2000/2001

An Bhliain Acadúil 2001/2002

Líon na Foirne de réir earnála (Buan Lánaimseartha)

	mar a bhí ag 31/8/00	mar a bhí ag 31/8/01
Foireann Acadúil	186	193
Riarachán/Leabharlann/Bain. Shinsearch	45	44
Teicneoirí/Cúntóirí Ceardaíochta	20	24
Feighlithe	11	13

### Sosanna Gairme

Eithne Martin Oifigeach Cúnta Foirne (ó 01/08/98)

Joan Minihan Leabharlannaí (ó 01/03/99)

### Baill Foirne dearbhaithe le haghaidh fostaíochta (Buan lánaimseartha)

John Corcoran	LC Eacnamaíocht (01/09/01)
Marion Duggan	LC Staidéar Gnó (01/09/01)
Gerard Guinane	Léachtóir, Ríomhaireacht (01/09/01)
Nicholas Brady	LC Ríomhaireacht Ghnó (E-chumarsáid) (01/09/01)
William Ward	LC Teicneolaíocht na Faisnéise (01/09/01)
Kevin O'Riordan	Léachtóir, Teicneolaíocht Ailtireachta agus Foirgníochta
Rosarii Whelan	Léachtóir, Luacháil Maoine (01/09/01)
Ken O'Brien	LC Staidéar Gnó (01/09/01)
Eoin Fitzgerald	LC Innealtóireacht Leictreonach/Meicniúil (01/09/01)
Breda Lynch	LC Mínealaín (Déanamh Priontaí) (17/10/01)
Amanda Dunsmore	LC Mínealaín (Dealbhadóireacht) (07/01/02)
Alan Sheahan	LC Ríomhaireacht (Ginearálta) (01/12/01)
William Lyons	LC Ríomhaireacht (Ginearálta) (01/02/02)
Nicholas O'Donnell	Teicneoir Ríomhairí (19/02/02)
Des Farrell	Teicneoir Ealaín & Dearadh (12/08/02)
Gillian Fitzgibbon	Teicneoir Ealaín & Dearadh (12/08/02)
Jason McCarthy	Teicneoir Ealaín & Dearadh (12/08/02)
Pat Foley	Feighlí (17/10/01)
John Reynolds	Feighlí Ceardanna Fliucha (17/10/01)
Pat Gill	Bainisteoir Tionscadail (Conradh 3 Bliana)

### Lucht Fágála

Declan Redmond	Léachtóir Scoil na Timpeallachta Tógtha (01/09/01)
Eamon O'Kane	LC Ealaín & Dearadh (01/09/01)
Pat Ryan	Léachtóir Roinn Innealtóireachta Leictreach agus Leictreonach (scor 01/09/01)
John Barry Eddie	Léachtóir Roinn Inn. Meic & & Gluaisteáin (scor 01/09/01)
Noel Flannery	Léachtóir Scoil na Timpeallachta Tógtha (scor 05/10/01)
Paddy Casey-Kenny	Léachtóir Roinn Innealtóireachta Leictreach agus Leictreonach (R.I.P.)
Michael Guerin	Ceann Feidhmeach na Forbartha (scor 05/10/01)
John Donovan	Bainisteoir Seirbhísí Seachtracha (Conradh) (30/04/02)

## 5.2 Scéim forbairt foirne CSE

<b>Cúrsaí</b>	<b>Dáta</b>	<b>Líon</b>
Ionduchtú don bhFoireann Acadúil	03/09/01 04/09/01	15
Cúrsa Pleanála don Scor	20/11/01 21/11/01	4
Traenáil Láimhseála le lámh	09/11/01	10
Traenáil Láimhseála le lámh	23/11/01	12
Ullmhú Scileanna Agallaimh (Foireann Riar/Airgead/Leabharlann)	30/01/02	40
Oiliúint Chéadchabhrach	12/04/02	9
Oiliúint le Múchtóirí Tine	19/04/02	13
Oiliúint le Múchtóirí Tine	26/04/02	6
Oiliúint le Ardaitheoirí (Mid West Lifts)	03/05/02	8
Scileanna Agallaimh do Bhainisteoirí	17/04/02	11
Oiliúint Dínite agus Measa	23/04/02	21
Cúrsa Miontuairiscí (Foireann Riaracháin)	21/06/02	12
<b>Iomlán</b>		<b>161</b>

**Cúrsaí oiliúna seachtracha/ seimineáir ar ar fhreastail baill foirne 2001/2002**

<b>Ainm</b>	<b>Dáta</b>	<b>Sonraí Cúrsa/Seimineáir</b>
Daly, M	06/09/01	Seimineár Eorpach i gCorcaigh
Ronan, B.	06/09/01	Seimineár Eorpach i gCorcaigh
O'Dwyer,	M. 06/09/01	Seimineár Eorpach i gCorcaigh
Foster, B.	10/09/01	Seimineár Nuáil Eorpach Corcaigh
Landy, S.	10/09/01	Seimineár Nuáil Eorpach Corcaigh
O'Donoghue, E.	27/09/01	Cúrsa Teagascóra ECDL, Baile Átha Cliath
Twomey, A.	04/09/01	Seimineár Saoráil Faisnéise, Baile Átha Cliath
Twomey, T.	05/09/01	Comhdháil TF, Baile Átha Luain
Walsh, F.	08/09/01	Comhdháil Eorpach, Corcaigh
Crotty, B.	4-5/10/01	Comhdháil Atlas, Baile Átha Cliath
Kerley, D.	8-12/10/01	Cúrsa Ríomhaireachta, Baile Átha Cliath
O'Donoghue, E.	10/10/01	Cúrsa E-Chumarsáide, Corcaigh
O'Gorman, E.	05/10/01	Comhdháil Teileachumarsáide, Luimneach
Holohan, J.	8-9/11/01	Comhdháil TF, Inis
Kyne, M.	20/11/01	Seimineár Ráiteas Bologna, Baile Átha Cliath
Meagher, A.	9-10/11/01	Comhdháil Sláinte, Baile Átha Cliath
Ryan, P.	16/11/01	Cúrsa SME, Corcaigh
Burke, P.	20/01/02	Fóram Ríomhaireachta, Baile Átha Cliath
Byrne, A.	29/01/02	Comhdháil Teicneolaíocht Ríomhaireachta, BÁC
Gaine, A.	10/01/02	Teanga Ríomhchuidithe, Luimneach
O'Connell, M.	10/01/02	Seimineár Saoráil Faisnéise, Baile Átha Cliath
Ryan, P.	17/01/02	Seimineár Innealtóireacht Meic/Gluaisteáin, BÁC
Browne, J.	20/02/02	Seimineár Earnáil Phoiblí na hÉireann, Baile Átha Cliath
McKenna, P	18/02/02	Symposium: Monet, BÁC
Ryan, P.	13-20/02/02	Feabhsú Scileanna do Bhainisteoirí, Luimneach
Ryan, P.	17/02/02	Seimineár T&F, Baile Átha Luain
Gaine, A.	23/04/02	Seimineár Teanga Ríomhchuidithe, Baile Átha Luain
O'Shaughnessy, N.	24/04/04	Cúrsa Oiliúna VW/Audi, Gaillimh
Kavanagh, I.	15/05/02	Seimineár EdTech 2002, Ceatharlach
Ryan, M.	16-17/05/02	Seimineár EdTech 2002, Ceatharlach
O'Connell, M.	16-17/05/02	Seimineár EdTech 2002, Ceatharlach
O'Donnell, E. 1	6-17/05/02	Seimineár EdTech 2002, Ceatharlach
Winterburn, M.	16-17/05/02	Seimineár EdTech 2002, Ceatharlach
Daly, B.	20/05/02	Seimineár Leictreamheicniúil, RA
Regan, F.	4-7/06/02	Comhdháil Stiúradh Truailliú, RA
Crotty, B.	1-5/07/02	Comhdháil Turasóireachta Domhanda, RA
Cosgrove, J.	12/07/02	Seimineár Forfás, Baile Átha Cliath
Daly, M	15/07/02	Seimineár Dlí na Fostaíochta, Luimneach
O'Dwyer, M.	15/07/02	Seimineár Dlí na Fostaíochta, Luimneach
Ryan, P.	12-17/07/02	Seimineár Aerloingseoireachta AE, Baile Átha Cliath

Chomh maith leis an liosta thuas bhí oiliúint leitheadach ann do bhaill foirne a bhí páirteach i gCláir MIS/Agress/Mílaoise agus Comhpháirtíochta.

## Roinn 6 Tuarascáil Airgeadais

### 6.1 Tuarascáil Airgeadais 2001/2002

Rinne an An tArdreachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Lúnasa 2002 agus rinneadh iad a fhaomhadh gan cháilíocht ar an 28 Aibreán 2004. Tá sleachta as na ráitis airgeadais faoi iamh.

#### **Ioncam agus Caiteachas**

Bhí cúlchiste carnaithe de €1.830m á thabhairt ar aghaidh ag an Institiúid ag 1 Meán Fómhair 2001. Mhéadaigh na cúlchistí seo go €2,828m faoi dheireadh na tréimhse mar gheall ar bhrabús fheidhmeach de €1.647m don bhliain. Bhí ioncam reatha de €5.757m ann, agus €5.793 san áireamh mar dheontaisí athfhillteacha. Bhí caiteachas reatha de €4.110m ann, agus €6.943 san áireamh mar chostais foirne. B'ionann an costas bliantúil athfhillteach de réir an mac léinn agus €5,395 don bhliain. Coinníodh na costais athfhillteacha de réir an mac léinn ag leibhéal iomaíochas. Bhí sé ag €4,683 p.a. i 1995.

#### **Clár Comhardaithe.**

Léirigh iarmhéid na sócmhainní inláimhsithe méadú glan de €4,044m ó €39.304m go €443.348m faoi dheireadh na bliana. Léiríonn an bhreis de €5,842m infheistíocht de €746m i dtealamh oideachais agus teicneolaíocht gaisnéise agus €5.178m i mbonneagar cóiríochta. Leis na breiseanna seo agus lúide costas dímheasa de €1.779m bhí méadú glan ann.

#### **Acht na bPrasíocaíochtaí 1997**

Sásaíonn an Institiúid a cuid dualgaisí faoi Acht na bPrasíocaíochtaí 1997.

**Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dár críoch 31 Lúnasa 2002**

	<u>NÓTA:</u>	<u>2002</u>	<u>2001</u>
		€000	€000
<b><i>Ioncam</i></b>			
Deontas Stáit	1	15,793	13,780
Aistriú ó gCuntas Caipitil	19	1,779	1,846
Táillí Teagaisc	2	4,631	4,112
Comhairleoireacht agus Forbairt	4	349	427
Taighde		140	191
Ioncam ó ús	6	1,426	1,531
Seirbhísí do mhic léinn	7	218	88
Tacaíocht Rochtana do Mhic Léinn	3	401	118
Fóram Comhpháirtíochta Náisiúnta	5	<u>1,020</u>	<u>999</u>
Ioncam Eile		<u><b>25,757</b></u>	<u><b>23,092</b></u>
<b><i>Caiteachas</i></b>			
	8	14,971	13,756
Ranna Acadúla	9	859	753
Seirbhísí Acadúla	10	1,904	1,621
Áitribh	11	2,687	2,097
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	12	165	228
Costaisí Ginearálta Oideachais	6	777	616
Seirbhísí do mhic léinn	7	218	88
Tacaíocht Rochtana do Mhic Léinn	4	349	427
Comhairleoireacht agus Forbairt	3	401	118
Taighde	15	<u>1,779</u>	<u>1,846</u>
Fóram Comhpháirtíochta Náisiúnta		<u><b>24,110</b></u>	<u><b>21,550</b></u>
Dímheas		1,647	1,542
<b>Brabús/(Cailteanas) Feidhmeach</b>		(649)	(915)
<b>Aistrithe go Cúlchiste Teoranta</b>		1,830	1,203
<b>Farasbarr carnaithe ag tús na bliana</b>		_____	_____
<b>Farasbarr carnaithe ag deireadh na bliana</b>		<u><b>2,828</b></u>	<u><b>1,830</b></u>

Ní raibh aon bhrabús ná cailteanas aitheanta ann seachas iad siúd atá pléite sna Cuntaisí.

Is cuid de na ráitis airgeadais ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1-26.

Sínithe thar ceann Údarás an Choláiste

John Gallahue

Vincent McCarthy

## Clár Comhardaithe ag 31<sup>st</sup> Lúnasa 2002

	NÓTA:	<u>2002</u>	<u>2001</u>
		<u>€000</u>	<u>€000</u>
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	15	43,348	39,302
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Feichiúnaithe	17	6,960	7,269
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		<u>4,235</u>	<u>1,148</u>
		11,195	8,417
<b>Feichiúnaithe</b>			
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain	18	<u>(5,796)</u>	<u>(4,738)</u>
		<u>5,399</u>	<u>3,679</u>
<b>Sócmhainní Reatha Glan</b>			
<b>Glandliteanas Reatha lúide</b>		<u>48,747</u>	<u>42,983</u>
<b>Dliteanais Reatha</b>			
		<u>48,747</u>	<u>42,983</u>
<b>Glansócmhainní</b>			
Léirithe ag:-			
		43,348	
		2,828	39,304
<b>Cúlchiste</b>	19	<u>2,571</u>	1,830
Cuntas Caipitil		<u>48,747</u>	<u>1,849</u>
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	25		<u>42,983</u>
Cúlchiste Teoranta			

Is cuid de na ráitis airgeadais ráiteas na bpolasaithe cuntasáíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1-26.

Sínithe thar ceann an Bhoird : John Gallahue



**Ráiteas Sreabhadh Airgid don Bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2002**

	<u>NÓTA:</u>	<u>2002</u>	<u>2001</u>
		<u>€000</u>	<u>€000</u>
<b>Ioncam</b>			
<u>Airgead faighte ó:</u>			
Deontais Stáit ar son Caiteachas Athfhillteach		16,048	12,541
Cionroinnt ó Dheontas Caipitil Stáit ar son Caiteachais Athfhillteach		-	33
Asbhaintí aoisliúntais Coinnithe		853	801
Táillí Teagaisc		5,092	4,000
Comhairleoireacht agus Forbairt Taighde		514	494
Ioncam ó ús		147	178
Ioncam Eile		<u>1,038</u>	<u>780</u>
		23,692	18,827
Íocaíochtaí airgid chuig fostaithe agus ar a son		(16,986)	(15,153)
Íocaíochtaí Airgid chuig Soláthróirí		(5,066)	(4,362)
		<u>1,640</u>	<u>(688)</u>
<b>Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) glan Airgid ó fheidhmeanna</b>			
<b>Caiteachas Caipitil</b>			
<u>Airgead faighte ó:</u>			
Deontais Stáit ar son Caiteachas Caipitil		5,999	9,777
Cionroinnt ó Dheontas Caipitil Stáit ar son Caiteachais Athfhillteach			33
Cionroinnte ó Dheontas Caipitil Stáit ar son Caiteachas Caipitil		615	1,400
Deontaisí Eile		30	0
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Inláimhsithe Socraithe a fháil		<u>(5,919)</u>	<u>(9,620)</u>
		<u>725</u>	<u>1,590</u>
<b>Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) glan Airgid ó Chaiteachas Caipitil</b>		2,365	902
<b>Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) glan Airgid roimh Dheontais na Mac Léinn</b>		<u>722</u>	<u>(767)</u>
<b>Insreabhadh.(Eis-sreabhadh) glan ó Fhoinsí eile</b>	20(b)	<u>3,087</u>	<u>135</u>
<b>Meadú/(Laghdú) in Airgead agus i gCóibhéis Airgid</b>			

Is cuid de na ráitis airgeadais ráiteas na bpolasaithe cuntasáíochta, agus Nótaí 1-26.

Sínithe thar ceann Údarás an Choláiste

John Gallahue Vincent McCarthy

## 7. Polasaí Comhdheiseanna

### **Ráiteas Polasaí**

Is Fostaitheoir Comhdheiseanna é Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Tá Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tiomnaithe do chomhdheiseanna a chur ar fáil san oideachas, sa bhfostaíocht agus san oiliúint. Ní thabharfar níos lú fábhair do iarrthóir ar bith ar chúrsa, do mhac léinn, iarrthóir ar phost ná do fhostaí ar bith mar gheall ar a stádas gnéis nó pósta. Diúltaíonn an Institiúid do leatrom díreach nó indíreach mar gheall ar dhath, creideamh, cine, náisiúnacht, bunús eitneach nó náisiúnta, insce nó stádas pósta. Is ar oiriúnacht amháin a dhéanfar gach cinneadh maidir le hearcaíocht, oiliúint, ardú céime, forbairt ghairme agus coinníolacha seirbhíse.

### **Aidhmeanna agus Cuspóirí an Pholasaí**

Tá Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tiomanta don fheasacht a chruthú faoin ngá atá le dearcadh idirdhealaitheach. Is é cuspóir an Pholasaí Comhdheiseanna tiomantas ITL do chomhdheiseanna a léiriú go soiléir. Aithnítear an géarghá atá leis go ndéanadh foireann agus mic léinn ITL formhuiniú ar dharcadh neamhidirdhealaitheach.

Is iad cuspóirí an pholasaí a chinntiú nach ndéanann ITL idirdhealú in aghaidh fhostaí nó iarrthóir ar bith ar oideachas nó fostaíochta maidir le: -

- Rochtain ar an Oideachas
- Rochtain ar Fhostaíocht nó ar Ardú Céime
- Folúntaisí a Fhógairt
- Earcaíocht agus Roghnú
- Coinníolacha Fostaíochta
- Oiliúint agus Forbairt

## 8. Nuacht agus Imeachtaí 2001/2002 (Mar a tuairiscíodh iad sna Meáin Náisiúnta agus Áitiúla)

### **An Laiste á ardú ar sheantrosacán briste**

Bhí an-rath ar thaispeántas aonair an ealaíontóra Treasa O'Brien ar ar thug sé "Lifiting the Latch", i nDánlann Printmakers Luimnigh le gairid, a céad taispeántas. Bhí dealbhadóireacht, líníochtaí agus grianghrafanna de chathaoireachta briste a fuair an t-ealaíontóir óg taobh thiar dá stiúdeo in Ospidéal Naomh Sheosaimh. Bhain sí úsáid i gcónaí as earraí tí ina saothar agus tháinig sí ar na cathaoireachta san ospidéal siciatrach ina bhfuil a stiúdeo. Chuir sí an-spéis iontu agus mhothaigh sí go raibh saibhreas scéalta i ngach cathaoir. Mionsuiteála atá i ngné eile dá taispeántas, seiteanna bídeacha ardáin agus tithé bábóige ina measc. Is céimí de chuid Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh í Treasa agus aithnítear í ar dhuine de na healaíontóirí óga is fearr in Éirinn.

### **Rath ar Fhaisean Trish**

Tá ag éirí go hiontach le Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh le tamall fada anuas. Dar le Stiúrthóir an Chúrsa, Trish Keilthy, éiríonn go hiontach leo mar gheall ar dhúthracht 110% a comhleacaithe sa scoil.

Spreagann dúthracht agus tiomantas seo na foirne sa scoil na mic léinn mar go músclaítear an dúthracht chéanna iontu agus gur mó an fonn oibre agus an uaimhian a bhíonn iontu dá bharr.

Bhí Iníon Keilthy ag labhairt ag Gradam Óstán Jury/Limerick Leadar in Óstán Jury. Bhí grá ag Trish don bhfaisean i gcónaí agus d'fhás sí suas i Loch Garman. Bhí sí ar dhuine den chéad bhuíon mac léinn a d'fhreastail ar an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearadh (NVAD). Rinne sí cúrsa iarchméine ansin i bPáras agus d'oibrigh sí ann ar feadh tamaill sular bhunaigh sí a gnó féin i mBaile Átha Cliath. Deir sí gur mealladh go Luimneach í mar go bhfaca iarcheann na bhFaisean, Pam McCarthy í i mbun oibre ag aonach trádála agus gur thug sí cuireadh di teacht go dtí an coláiste mar chuirteoir. Tá foirme buacach ag na mic léinn agus sraith de ghaiscí déanta acu. I measc na ngradam a gnóthaíodh le tamall anuas tá Gradaim Faisean Smurfit le ceithre bliana anuas, agus fuair siad gradaim don Chéad, don Dara agus don Tríú háit i mbliana. Chomh maith le sin bhuaigh siad Taispeántas na Sionainne ceithre bliana as a chéile, agus Gradaim Chéad, don Dara agus don Tríú háit anuraidh, agus bhuaigh siad Gradaim Faisean Jim Kemmy ceithre bliana as a chéile chomh maith.

### **Díol spéise as Geata na mBráthar, Cill Mocheallóg**

Is cinnte go bfreastalaíonn Amharclanna Gheata na mBráthar, Cill Mocheallóg, ar gach aoisghrúpa agus faoi láthair is é seal na leanaí é agus iad ag baint taitnimh as Cóisir Samhraidh Bob the Builder. Beidh an t-ealaíontóir óg as Cill Fhionáin, Ann Keane, atá díreach réidh lena staidéar i Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh, ag cur a saothair ar taispeáint sna seachtainí atá romhainn.

### **Smirnoff le Faisean**

Ghnóthaigh mic léinn as Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh na trí dhuaiseanna ar fad i nGradaim Faisean Smirnoff a chuir Brendan Courtney, láithreoir Wunderlust ar Network 2 i láthair i Lána 3 Dame i mBaile Átha Cliath. Fuair Collete Moore an chéad duaid lena léirmhíniú ar théama na bliana seo, Urban Fusion. Ba í Shauna Maher a thóg an dara háit agus bhuaigh Sara Ann Creavan, ón gcoláiste céanna, an tríú

duais. Mar bhuaiteoir rachaidh Collette ar aghaidh mar ionadaí na hÉireann ag Craobh an Domhain de Ghradaim Idirnáisiúnta Faisean Smirnoff i bPáras ag deireadh na bliana, ag iomaíocht ar son ghradam Dearthóir Idirnáisiúnta Smirnoff. I measc na moltóirí bhí Eddie Shanahan as Arnotts, Ashling Kilduf ón Ionad Dearadh agus an Dearthóir Antonia Campbell Hughes.

### **Cuaifeach cócaireachta ag déagóirí ar Chúrsa ITL**

Deir daltaí meánscoile as Luimneach agus an Clár go mb'fhearr leo teas na cistine ná an seomra ranga lá ar bith. Tá tús curtha ag na hógánaigh le scoil samhraidh príomhchócaire in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh áit a bhfuil siad ag foghlaim bunús na cócaireachta ó chuid de na príomhchócairí is clúití sa réigiún .

Dúirt an Príomhchócaire agus an Léachtóir, Eithne Gavigan “nuair a mheabhraítear go mbeidh a lán daltaí meánscoile ag imeacht ón mbaile agus ag tabhairt aire dóibh féin, ní mór dóibh an chócaireacht a fhoghlaim”. Is ábhar iontais di go mbíonn gach eolas ag daoine óga go minic faoi úsáid teicneolaíocht an idirlín, ach nach féidir leo ubh a bheiriú. Tá urraíocht á dhéanamh ag óstáin, bialanna agus lónadóirí áitiúla ar an gcúrsa in ITL. Dúirt Feidhmeanna Fhorbairt na Sionainne, Oliver Kehelly, atá ina stiúrthóir ar Fhéile Bhia Luimnigh, go raibh deireadh le ré “an bhágúin agus an chabáiste”.

### **Is é an Comh. Dick Sadlier rogha na coitiantachta i dToghchán an Mhéara**

Is léir gurb ag an gComhairleoir Dick Sadlier atá tacaíocht an phobail i dtoghchán an Mhéara agus go mbeidh sé ina 805ú Méara ar Luimneach. Tá triúr clainne ag an gComh Sadlier agus bhí sé ina Mhéara cheana i lár na 90í. Tá sé ina Léachtóir in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.

### **Maria ag obair ar son Chill Rois**

Tar éis gur éirigh go maithe lena taispeántas deireanach i gCill Rois dhá bhliain ó shin, tá cuireadh faighte ag Maria Hamilton a saothar a thaispeánt ag Féile Ealaíne agus Cultúir Chill Rois i mbliana.

“Ceannabháin cromtha go glinn thar pholl dorcha portaigh Luachair lúbtha ag an ghaoth, claonta mar chúlra laistiar díobh. Suan simplí na lilí, beo-uisce gorm ag caismirt i bPoill na Mangach, buaic bhán air agus séad meascailte ann uaireanta ag an solas.”

Iomhánna mar sin atá snoite ag an ealaíontóir bríomhar ar leith seo as Iarthar an Chláir. Ó fuair sí a céim ó Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh, tá cáil ar Mharia mar ealaíontóir a bhfuil fíis agus fuinneamh ildathach aici. Tá dul chun cinn déanta aici ó mhúscailt dhorchá spioradálta a luathsaothair go húsáid bhríomhar datha agus tuine mar atá le feiceáil sa taispeántas is déanaí léi. Tugann sí léiriú chomh maith sa spéis leanúnach atá aici i gcumhacht mhothúcháin an fhigiúir dhaonna. Tá fuinneamh gafa i ngluaiseacht damhsóra Spáinnigh, a lámha os a cionn, a haghaidh reoite i sruth na gluaiseachta.

### **Ar ghearrliosta do Scoláireacht céime Faisean Ariel Colour**

Cuireadh Colette Moore, Bridget Kilroy agus Danielle Browne as an Scoil Ealaíne agus Deara ar ghearrliosta don chomórtas craoibhe le haghaidh Scoláireacht Dearadh Faisin Ariel ag Óstán an Merrion i mBaile Átha Cliath le gairid.

### **Gníomhaire Eastáit tofa go post mór san Institiúid**

Is é Tom Mannix as Oileán Chiarraí Cathaoirleach nua Réigiún na Mumhan den IAVI. Is léachtóir sa chúrsa Diplóma Gairmiúil ii Maoin, Luacháin agus Bainistiú in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh é.

### **Tionscadal nua radacach don Ealaíontóir**

Tá iarchéime de Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh páirteach i dtionscadl nua radacach ealaíne i mBaile Átha Cliath. Le blian anuas tá Michael McLoughlin, a fuair céim sé bliana ó shin ón Scoil Ealaíne agus Dearadh, ag obair ar an tionscadal seo le grúpa den lucht taistil. Sular fhill sé abhaile ar Bhaile Átha Cliath, bhí Michael ar bhunaitheoirí an Tionscadail Real Arts agus an Umbrella Project i Luimneach. Bhí sé ina ealaíontóir pobail ag Ionad Ealaíne Belltable idir 1995 agus 1996 agus ag obair leis an ealaíontóir clúiteach Martin Folan.

Cónaíonn an lucht taistil atá ar a thionscad nua Ealaíne i ngrúpscéim tithíochta i Kimmage Manor Way i mBaile Átha Cliath, agus tá taispeántas saothair dar teideal Ideal Homes curtha i dtoll a chéile acu. Sna ceithre bliana seo chugain, cuirfear cóiríocht ar fáil do 310 teaghlaigh agus tá tithíocht ghrúpa iarrtha ag 156 teaghlach.

### **An príomhdhuais roinnte idir beirt as an rang céanna i gcomórtas ealaíne**

Rinneadh an phríomhdhuais i nGradam na Mac Léinn Ealaíne an RDS idir beirt mhac léinn as an gcoláiste céanna, a fógraíodh inné.

Ba iad sin Richard Gavin (21) a fuair a chéim ó Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh agus Jessica Brouder (21) as Ceanada atá ag dul isteach sa bhliain dheireanach i Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh. Ghnóthaigh siad Gradam Ealaíne Taylor, agus £4,000 an duine. Dúirt Richard go raibh réiméad air gur bhuaigh sé. Sorcha, saothar atá déanta as ábhair éagsúla, is teideal dá phéinteáil. Bhí gach cineál ealaíne ar taispeánt, ó neach aduain cromtha go péinteáil mhór de Cadbury's Cream Egg. North is teideal do shaothar Brouder, tírdhreach ceomhar as grianghraf in ábhair 2D agus 3D.

### **Cruthaíonn carr speisialta Shauna nach aon mhoilleadóir í**

Thiomáin Shauna Dennison isteach ina baile dúchais, Cill Díoma an tseachtain seo sa bhall troscáin is gasite ar domhan. Bhí an dearthóir teicstíle Shauna ag filleadh ar a muintir i Luimneach lena cara Edd China i gcarr iontach a bhí i gcruth toilg. Ba é Edd a dhear an tolg trí shuíochán iontach a bhfuil luas liopaird faoi agus ardluas de 87 míle san uair. Oibrítear na coscáin le canna Guinness ar uileann an toilg, canna cola a bhí ann ar dtús agus d'athraigh siad go Guinness é agus iad ag teacht go hÉirinn. Stiúraíonn barra seacláide na gearanna agus tá potaí lasta bláthanna acu mar tháscairí. Luaitear sa Guinness Book of Records gurb é an carr seo an ball troscáin is tapúla ar domhan. Cuireadh sprae in éadan an ghalar crúb is béil ar an gcarr nuair a tháinig siad go hÉirinn.

Thiomáin an bheirt sa tolg mire ó Shasana chun cuairt a thabhairt ar thuismitheoirí Shauna, Jim agus Valerie Dennison, léachtóirí i Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh, is é Jim Ceann an Dearadh.

### **Paula sciamhach agus a lucht leanúna**

Tá gean na sluaite ar Paula Glynn ó ainmníodh mar Rós Luimnigh í. I gculaith thaibhseach geal cuireadh Rós sciamhach Luimnigh i láthair an tslua leis na 28 Rósanna go léir ag Ionad Siopadóireachta Parkway, agus bhí an-chion ag an slua uirthi.

Is as Baile Áth Luain do Paula ó dhúchas, agus tá cónaí uirthi i Luimneach le cúig bliana agus í i mbun staidéir i Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh.

### **Printísigh Eachinis**

Tar éis ceithre bliana diana de phrintíseacht tá ceathrar óg cáilithe ag Aughinish Alumina agus cúigear eile díreach ag tosú. Tá seacht gcéim ar fad sna printíseachtaí Caighdeánbhunaitghe, ceithre chéim ar an suíomh, ceann le FÁS agus an dá mhodúil eile i gceann d’Institiúidí Teicneolaíochta Luimnigh nó Cheatharlach. Tá an cineál nua printíseachta seo ar bun le cúig bliana anuas, agus aitheantas domhanda aige. I rith an ama sin chríochnaigh ceathrar is fiche daoine óga an phrintíseacht chaighdeánbhunaithe.

### **Lá Náisiúnta Bróin**

D’eagraigh Lily Goggin, Riarthóir na Mac Léinn agus Michael Gleeson, Uachtarán na Mac Léinn, Leabhar Comhbhróin ar son mhuintir Mheiriceá i ndiaidh na tragóide ar an 11 M. Fómhair. Ba í Cumann na Mac Léinn in ITL a d’eagraigh an leabhar.

### **Cosantóir dásachtach Luimnigh**

Tá a dhara thréimhse mar Mhéara Luimnigh tosaithe anois ag an gComhairleoir Dick Sadlier. Is é an chéad chloch ar a phaidrín Luimneach agus na nithe maithe uille a tharlaíonn inti a chur chun cinn. Tugann sé a ‘ról ambasadóra’ air seo. Tá sé i mbun toscaireachta, le baill den chumann lucht trádála, chun na Bruiséile chun tacú le hiarratas Luimnigh a bheith mar chathair Chultúrtha na hEorpa i 2005.

### **Rath ar an Ealaín Fhiúntach**

Is é Emerge an chéad thaispeántas atá eagraithe ag Fusion-Limerick, an Cumann Ealaíne agus Ceirde. Beidh saothair ann ó chéimithe de chuid Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh agus curfear fáilte roimh iarratais ó obráithe Ealaíne, Ceirde agus Dearadh. Seasann an imeacht seo do theacht in inmhe an chumainn mar áis chun Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh d’ardchaighdeán a fhorbairt i Luimneach. Beidh an taispeántas ina ardán den scoth do fhiúntas an tsaothar ealaíne agus ceardaíochta a dhéantar sa cheantar. Beidh an taispeántas nuálach seo ar bun in Iarsmalann Hunt.

### **Glúin chaillte feirmeoirí, arsa Príomhoide**

Beidh géarchéim náisiúnta ann d’Éirinn mar nach dtugann lucht polasaí aird ar mheath na feirmeoireachta, dar le Príomhoide Talmhaíochta i Luimneach. Agus é ag labhairt ag bronnadh na dteastas ag Coláiste Talmhaíochta Phailís Chaonraí, dúirt an Príomhoide, John McCarthy go gcaillfear glúin iomlán feirmeoirí don traenáil thalmhaíoch agus don fheirmeoireacht mura gcuirtear stop leis an meath uafásach atá ag teacht ar uimhreacha na mac léinn talmhaíochta. D’éirigh go seoigh le Diplóma an Choláiste in Innealra Feirme go háirithe agus glacadh le mic léinn sa chúrsa seo ó na cúrsaí céad bhliana don Teastas Talmhaíochta i ngach Coláiste Talmhaíochta. Ach ón mbliain seo chugainn ar aghaidh, glacfar leo tríd an CAO, i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh.

### **An gnó á iniúchadh ag Mic léinn**

Déanfaidh mic léinn Gnó agus Cuntasáíochta in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh iniúchadh ar ghairm na cuntasáíochta. Féachfaidh siad go háirithe ar eiticí straitéiseacha treo agus ar luacha na gairme. Is cuid é seo de chomórtas nua náisiúnta aistí, atá oscailte do mhic léinn Gnó agus Cuntasáíochta in Institiúidí Teicneolaíochta ar fud na tíre. Beidh daoine óga atá ag déanamh staidéir ar Ghnó agus Cuntasáíocht ar thús cadhnaíochta sa ghairm laistigh de dheich mbliana, dar leis an Dr. Charles Quaid



as Scoil an Léinn Ghairmiúil agus Bainistíochta in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.

### **Siúlóid Charthanachta**

Tá a gcion déanta ag mic léinn Luimnigh ar son íospartach thubaiste Chernobyl. An tseachtain seo caite chuaigh os cionn 700 mac léinn as Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Ollscoil Luimnigh agus an Scoil Ealaíne agus Dearadh ar shiúlóid 10km chun airgead a bhailiú chun soláthar ar leanaí Bhealarús. Bhailigh mic léinn ar fud na tíre os cionn £180,000 anuraidh agus táthar ag súil lena dhá oiread a bhailiú i mbliana.

### **Amharclann nua 350 suíochán in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh**

Tá amharclann nua 350 suíochán le bheith i Luimneach. Osclofar an amharclann nua san Earrach agus beidh an áis nuálach seo in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ar an chéad ionad sia aíochta ealaíonta dá leithéid ar an taobh ó thuaidh den chathair. Ach ní chuirfidh halla éisteachta nua ITL deireadh le hIonad Ealaíne Belltable, dar le Cathaoirleach Údarás ITL, an Comh. Jack Bourke. Dhearbhaigh sé gur don Choláiste go háirithe a bheidh an amharclann nua agus do phobal Luimnigh ina dhiaidh sin. Dúirt sé gur amharclann an-mhaith a bheidh ann agus go mbeidh ardán breá 30 troigh ar leithead ann. Beidh áiseanna den chéad scoth ag an amharclann agus beidh trealamh oiriúnach ann do gach cineál léiriú ealaíonta agus úsáidfear é ar son imeachtaí iomadúla ealaíne.

### **An Chruthaíocht Chultúrtha á Ceiliúradh ag Taispeántas 2001**

Bhí Áth Luain ar nós Milano i lár tíre don seachtú huair as a chéile nuair a eagraíodh Seo Faisean Taispeántas ann agus mainicíní móra na tíre, uaisle agus dearthóirí i láthair. Is í IT Áth Luain a rinne óstaíocht ar an ócáid den seachtú bliain as a chéile agus bhailigh taispeántas na bliana seo £13,000 do na Samaratánaigh.

Bhí duaischiste de £16,500 ann don tráthnóna, le £10,000 don Dearthóir Mic Léinn is fearr faoi urraíocht ag Dunnes Stores, £5,000 don Dearthóir i gCleachtadh is fearr, arís faoi urraíocht ag Dunnes Stores, agus £1,500 á chur ar fáil ag Bord Fiontraíochta Chontae na hIarmhí. Bhuaigh Breda Aherne an duais £5,000 ar son a bailiúchán “Ómós do Bhúistéir”. In ainneoin ainm chomh hait, d’fhéadfaí a rá gurb é bailiúchán iníon Aherne ba fhusa a chaitheamh den iomlán an tráthnóna sin. Rinne Breda a cuid staidéir i Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh.

### **Seasann Noreen amach**

Bhuaigh bean as Baile an Róba, Noreen Lydon, an chéad dhuais i nGradam Dearthóir Óg Faisean Jim Kemmy na bliana, agus seic £1,000. Rinneadh an bronnadh sa South Court Hotel agus d’eitil Peter O’Brien, Dearthóir Idirnáisiúnta an “House of Rocha” isteach go speisialta don ócáid. Tá a cuid staidéir le haghaidh Diplóma sa bhFaisean á dhéanamh ag Noreen i Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh. Dhearaigh Noreen dhá chulaith agus mar go raibh an comórtas bunaithe ar an gcomhshaol, roghnaigh sí seanbhróga, bioráin dhúnta agus ciútramaintí dá leithéid do bhall éadaigh amháin. Culaith dhá pháosa le brístí deinim agus barr siméadrach a bhí sa cheann eile.

## **Póilíní foiréinseacha le hoiliúint i Luimneach – Beidh an chéad chéim dá chineál in Éirinn ar fáil in ITL**

Ní bheidh ar Éireannaigh a dteastaíonn uathu a bheith ina nEolaithe Foiréinseacha dul thar lear ar son oiliúna níos mó. Cuirfear tús leis an chéad chúrsa ceithre bliana Céime san Anailís Chógaisíoch in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh i mí Mheán Fómhair seo chugainn. Múinfear scileanna éagsúla do mhic léinn, ar nós rásaíocht con gan drogaí a chinntiú agus fianaise fhoiréinseach a bhailiú ar láithreach coiriúla. Measfar áfach go mbeidh go leor pointí ag teastáil don chúrsa, dar leis an Dr. Michael Geary, Ceann Roinn na hEolaíochta Feidhmigh in ITL.

## **Iarrann Stiúrthóir an ITL Stádas Iomlán Ollscoile**

Tá éileamh déanta ag Stiúrthóir Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh go dtabharfaí aitheantas iomlán dár gcéimithe trí stádas iomlán ollscoile a thabhairt dá gcéimeanna. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh, dar leis, trí ollscoil a chruthú laistigh den earnáil theicneolaíoch, adúirt James P. MacDonagh ag an mbronnadh céime bliantúil. Dúirt sé gurb é seo an chéad ócáid ina raibh Teastais, Dioplómaí agus Céimeanna á mbronnadh ar bhonn scrúdhaithe de chuid na hInstitiúide féin. Dúirt sé go raibh gá le neart dul chun cinn eile agus go mbeadh sé de réir loighice agus riachtanais go mbeadh HETAC ag obair i bpáirt leis na hInstitiúidí chun ollscoil a bhunú laistigh de ghréasán an NQAI.

## **'Is cuid de theaghlach an ITL iad' na céimithe**

Bhí caipíní agus clócaí go flúirseach in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus mic léinn bhródúla ag glacadh lena bpár céime le gairid. Lá goilliúnach a bhí ann do mhórán mar gurb í seo an bhliain dheireanach ina dtionólfar an bronnadh céime i mBialann na Scoláirí. Ba iad na searmanais seo a mhair thar dhá lá na cinn ba mhó a bhí san Institiúid go dtí seo agus os cionn 1,300 ag fáil a gcuid teastas. Táthar ag súil go dtionólfar na searmanais san Aula Maxima nua atá le glacadh ar lámh i 2002.

## **Cócaire óg ón gcathair ag súil le mórghradam**

D'fhéadfadh míasa nua a bheith á mbriúth ag cócaire as Páirc Lynwood ar an mhórronn go luath. Tá Gavin Glesson, arb ó Pháirc Lynwood dó ó dhúchas, ach a chónaíonn i bPairtrí anois, curtha a ghearrliosta do ghradam Príomhchócaire Óg na Bliana de chuid Bailey's Euro-Toque. Is 'commis chef' é Gavin i gCaisleán Dhrom Ólainn mar a raibh sé ag obair le beagnach ceithre bliana. Ach ní hé seo an chéad ghradam cócaireachta dó. Nuair a bhí a chúrsa gairmiúil cócaireachta á dhéanamh aige in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, bhuaigh Gavin Gradam an Choláiste don Chistineoir is Fearr agus scoláireacht go Ollscoil Johnson and Wales i Rhode Island. Ghnóthaigh sé an dara háit sa Ghradam Young Ireland Dine and Wine. Má thugann sé leis Gradam Phríomhchócaire Óg Bailey's cuirfear go bialann ardscoth Euro-Toque é ar feadh dhá mhí.

## **Seasann Sarah an fód don Mac léinn Aosach**

Nuair a chuaigh Sarah Hodgkinson suas chun a gradam don mac léinn is fearr a fháil ag Bronnadh Céime Bliantúil Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, bhí an fód á seasamh aici don mac léinn aosach. Bhí ceithre bliana caite ag Sarah ó bhí sí ina dalta i gCnoc Labhrais sular chinn sé ar dhul go dtí an coláiste. Ach ghlac sí leis an dara deis chun dul go dtí an trú leibhéil lena comhdháltaí a tháinig díreach ón dara leibhéal, agus d'éirigh chomh maith sin léi ina Cúrsa Dioplóma i Staidéar Gnó gur ainmníodh í mar Scothscoláire an ranga Dioplóma agus bronnadh duais airgid de £250 uirthi mar aon le buanchorn an AIB.

### **Céadúrsceál Chiaráin**

Bheadh comhthuisceant ag duine ar bith a d'fhulaing an bhunscolaíocht i ré an fhíonóis chorportha don leanbh chiaptha i “A Runner Among Fallen Leaves” le Ciaran O’Driscoll. Ní sin é a cheapamar go dtí gur thuigeamar gurb é mac an mháistir an leanbh seo, agus is iniúchadh ar chaidreamh míshona idir athair agus mac atá sa leabhar seo, an chéad saothar próis leis an bhfile agus an léachtóir i Scoil Ealaíne agus Dearadh ITL.

Tá gradaim go leor buaite ag an uasal O’Driscoll, a bhfuil ceithre leabhar filíochta foilsithe aige, agus ceann ar a bhealach, agus gradaim go leor buaite aige, Gradam Filíochta Patrick agus Katherine Katherine le déanaí ina measc. Scéal a bheatha féin atá sa leabhar. Fanann a thaithí mar pháiste sa scoil dhá oide in aice le Callain mar a raibh a athair ina phríomhoide sna 1950í ina chuimhne i gcónaí.

### **£3000 do Lynn ar son a dearadh deaslámhach**

Tá £3,000 gnóthaithe ag céimí Ceirmeach as Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh i ngradam mór náisiúnta. Agus an lámh dhaonna mar ionsparáid aici bhuaigh Lynn Ward gradam an rannóg cheardaíochta i nGradaim Dearthóirí Óga Institiúid Dhearthóirí Éireann ar son a foireann tábla de phlátaí ‘avant garde’. Chomh maith le sin ghnóthaigh sí an duais Grand Prix mar an mac léinn Dearadh is fearr don bhliain agus duais airgid de £2,000.

### **Ag dul i nGleic leis an Choláiste**

Is minic nach mbíonn mic léinn Luimnigh réidh do dhúshlán an tríú leibhéal san oideachas agus bíonn an mhórchuid de na mic léinn a ghlacann le hobair pháirtai eartha á dhéanamh sin chun a gcumas caiteachais ar shaol sóisialta a fheabhsú seachas íoc as costais an ardoideachais. Níl iontu seo ach cuid dá bhfuil á nochtadh an tseachtain seo ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Fuarthas amach i suirbhé a rinne an léachtóir Matamaitice, Teresa Bradley in ITL go bhfágann go leor daltaí an mheánscoil gan ach an beagán den ghairmthreoiracu, go roghnaíonn siad cúrsaí mí-oiriúnacha agus gur beag an tuiscint atá acu ar an eitic oibre atá de dhíth chun go mbeadh rath orthu ag an tríú leibhéal. Léirítear freisin go mbíonn an chéad bhliain a chaitheann siad ón mbaile deacair do chuid mhór mac léinn.

### **Onóir don Scoil Ealaíne ar son a gaisce**

Thug Bord Fiontraíochta Chathair Luimnigh aitheantas do Scoil Ealaíne Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ar son a chuid éachtaí. Tugadh aitheantas do chéimithe na scoile ag fáiltiú sa Teach Seirseach i gCearnóg Pery as gnó rathúil a chruthú go háitiúil sa Tionscal Faisean agus Ceardaíochta. Bhí Bainisteoir na Cathrach agus Cathaoirleach an LCEB, Brendan Keating i láthair, chomh maith le Cathaoirleach Údarás an ITL, an Comh. Jack Bourke, Stiúrthóir ITL Pat MacDonagh, Príomhfheidhmeannach an LCEB, Eamon Ryan agus Ceann an Scoil Ealaíne agus Dearadh, Richard Ruth. Tá a lán gradam buaite cheana féin ag an Scoil Ealaíne agus Dearadh i bhFaisean, Péintéireacht agus Céirmigh agus dúirt an tUasal Ruth gur mhór an phribhléid dó glacadh leis an onóir a bhronn Bord Fiontraíochta na Cathrach ar son na Scoile. Dúirt an tUas Keating gur údar bróid don chathair an Coláiste. Dúirt sé go neartaíonn na gradaim seo a bhuann an Scoil Ealaíne agus Dearadh íomhán Luimnigh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá fíorsheoid anseo inár measc dar leis agus tá bród ar mhuintir Luimnigh as an gcultúr láidir ealaíne agus dearadh atá sa chathair dá bharr.

### **Mic Léinn Dealbhadóireachta i bhfuacht na Laplainne**

Tháinig an Nollaig go luath do cheathrar mac léinn agus baill foirne chúrsa Dealbhadóireachta Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh. Beidh an grúpa sa Laplainn ón 1 go dtí an 15 Nollaig, i bhfíorthuaisceart na Laplainne mar a bhfuil teocht chomh híseal le lúide 30 céim Celsius faoi láthair. Is cuid de thionscadal Socrates an AE é seo ar a dtugtar Teorannacha Intinn an Duine (2000-2004) agus roghnaíodh an Scoil Ealaíne agus Dearadh le bheith páirteach ann.

### **Cuimhnítear ar thragóid Alan ag Bronnadh na gCéim in ITL**

Bhí blas brónach ar bhronnadh na gcéim in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus an coláiste ag cuimhneamh ar mhac léinn a d'éag i rith na bliana. Bronnadh Céim iarbháis Baitsiléir san Eolaíocht í Suirbhéireacht Cainteochta ar Alan Reidy, Cillíní Móra, an Gleann de réir rún speisialta ón gcomhlacht bronnta Ollscoil Herriot Ward i nDún Éadain.

### **Cuireann an Feitheamh le meáchan na mbearach**

D'éirigh os cionn 60 lao bearaigh tonna níos troime nuair a cuireadh moill ar a n-eitilt ag Aerfort na Sionnaine. Cuireadh moill ceithre lá ar na laonna, a bhí á seoladh amach ag an ngníomhaireacht forbartha Bóthar, nuair a rinneadh miondamáiste don eitleán agus é á luchtú. Ba é Cumann na Mac Léinn in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh an chéad chumann mac léinn a thug cúnamh don tionscadal. D'eagraigh Michael Gleeson, Uachtarán an Chumainn, as Ceapach Mór, agus a fhoireann oíche shóisialta i Luimneach agus cheannaigh siad bearach ó Bhóthar leis an airgead a bhailigh siad.

### **Mic léinn ag tógáil ar an gcód sábháilteachta**

Tá mic léinn in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh ag foghlaim conas iad féin agus daoine eile a chosaint ó bhaol ar láithreacha foirgníochta. I rith na seachtaine seo bhí saineolaithe ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i láthair chun seimineár a thabhairt ar Shábháilteacht san Earnáil Foirgníochta. Bhí sé ar cheann de chúig seimineár atá á n-eagrú ag an Údarás chun timpistí a chosc ar an láthair oibre agus sábháilteacht a fheabhsú sa bhfadtearma.

### **Miasa blasta ó Chócairí Óga in ITL**

D'éirigh go breá le cócairí óga as Togra Óige Mhaigh Rosa i gcomórtas cócaireachta a bhí in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh le gairid. Ba é Ionad Bia Luimnigh a rinne urraíocht ar an gcomórtas agus chuir ITL na háiseanna agus na moltóirí ar fáil. Chuir an comórtas bailchríoch ar sheisiúin teagaisc a bhí ar siúl ar feadh roinnt seachtainí idir na cócairí óga agus príomhchócairí a bhí páirteach i scéim Good Food Circle Luimnigh. Thug cuid de phríomhchócairí na cathrach a gcuid ama go fial chun rúndiamhra na mias is fear a mhúineadh do na hógánaigh as Maigh Rosa atá idir 11-13 bliana d'aois. Tugadh dhá uair an chloig do thrí fhoireann beirte chun príomhchúrsa agus milseog do bheirt a ullmhú, ag baint úsáide as oidis as leabhar oideas an Bhiúró um Chomhairle Airgid, 101 Square Meals.

### **Aer rómánsúil Seoirseach seanLuimnigh sásúil do Mhike**

Mothaíonn Mike Fitzpatrick, Stiúrthóir Dhánlann na Cathrach i Luimneach, go bhfuil an t-ádh dearg air a bheith ag obair i gCearnóg Pery. Is cúinne ciúin lán de stair agus den áilleacht é den seanLuimneach Seoirseach. Is as Droichead Abhann Ó gCearnaigh dó agus rinne sé staidéar ar an dealbhadóireacht faoi Tom Fitzgerald i Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh. Tar éis dó Ealaín a mhúineadh i Scoil Phobail na Sionnaine, rinne sé MA i mBirmingham agus chaith sé cúig bliana ag obair i Nua Eabhroc mar ealaíontóir. Rinne sé comhaltachtaí agus é thall. Ar fhilleadh go hÉirinn dó, bhí sé ag obair in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe ar feadh dhá bhliain roimh dhul ar ais go Luimneach agus an post atá aige anois.

### **An t-iarthar fiáin múscaillte do phobal fhiosrach**

Ní shamhlófá go mbeadh buachaillí bó, tabhairní sólainne agus bailte taibhsí mar ábhar ag ealaíontóir a rugadh i Luimneach dá bailiúchán iomlán péintéireachta. Ach sin go díreach a thug Anne Ryan ar ais léi go Luimneach dá céad taispeántas in Éirinn. Tá “Things are not looking good” ar taispeántas faoi láthair i nDánlann Chathair Luimnigh. D’fhreastail Anne ar Chlochiar na Toirbhirte agus chuaigh sé ar aghaidh as sin chuig an Scoil Ealaíne agus Dearadh. Tá cónaí uirthi i Sasana anois ó 1986, agus dúil san ealaín aici i gcónaí. Tá an-éileamh uirthi anois mar phéintéir i Londain, agus is ball é de Dhánlanna clúiteacha Ealaíontóirí Cubitt. Tá a cáil ag leathnú i gcónaí agus aird ag cuid mhór bailitheoirí uirthi, go háirithe Charles Saatchi a cheannaigh saothair dá cuid dá bhailiúchán clúiteach féin.

### **Miss Macra tofa do Chontae an Chláir**

Toghadh Miss Macra an Chláir in Óstán Templegate le gairid. Bhí seisear cailín as an chontae ag iomaíocht ar son an teidil ghradamúil seo. Ba í Helen O’Leary as Cora Chaitlín an buaiteoir. Is mac léinn in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh í Helen atá gníomhach i Macra le cúig bliana, agus tá dúil aici spórt, drámaíocht agus sia aíocht.

### **Éiríonn go breá leis an gcúrsa turasóireachta**

Tá cúrsa ceannródaíoch céime seolta ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh chun daoine óga a ullmhú do ghairmeacha i dtionscal na turasóireachta. Is clár dian trí bliana é an B.A. i Staidéar Gnó le Turasóireacht a dhíríonn ar scileanna leathana solúbtha a thabhairt do mhic léinn a bheidh ag obair in eagraíochtaí atá bunaithe ar an turasóireacht. Clúdaíonn sé ábhair éagsúla ar nós Staidéar Turasóireachta, Prionsabail Bainistíochta, Cumarsáid, Cúram Custaiméara, Pleanáil, Modheolaíocht Taighde agus E-Thráchtáil, mar adúirt Ceannaire an Chúrsa Tomas Mangan.

### **Bronnadh Scoláireachtaí Chomhairle CLG na Mumhan**

Thug Comhairle na Mumhan de CLG aitheantas arís don méid atá á dhéanamh ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh nuair a bronnadh Scoláireachta CLG ar mhic léinn. Bhí Donie Nealon, Rúnaí Chomhairle na Mumhan agus Noel Walsh, iontaobhaí CLG, i láthair chun an bronnadh a dhéanamh.

### **Nochtann ITL a gcumas chun áit a fháil sa chluiche leathcheannais**

Ní raibh bua éasca ag IT Luimnigh ar Choláiste Mhuire gan Smál, ach nocht duine den lucht tacaíochta a dhúthracht nuair a rith sé amach gan toint air le linn chluiche ceathrú ceannais Chorn Mhic Giobúin idir an dá fhoireann. Nocht an mac léinn fireann a raibh aige faoi bháisteach agus cloichsneachta ag Pocán ag tús an dara leath. Ní raibh ar an ‘streaker’ ach hata ollain buí, agus é ag damhsa trasna na páirce agus na gártha ag teacht ó na céadta den lucht féachana. Bhuaigh ITL an cluiche le scór de 11 pointe do ITL, Col. Mhuire gan Smál 1-6.

### **Fonn díoltais ar ITL**

Beidh cíocras chun díoltais ar Intitiúid Teicneolaíochta Luimnigh nuair a bhualfaidh siad le IT Phort Láirge i gCorn Mhic Giobúin Bhus Éireann i nGaillimh. Chaith a gcéilí comhraic Muimhneacha coláiste Luimnigh amach as an gcomórtas ag an staid chéanna i 2000, ach tá toradh 100% ag IT Luimnigh ó chuaigh iar-réalta Luimnigh Pat Heffernan i gceannas orthu, a mbua i gcorn Uí Riain anuraidh san áireamh.

### **Fear áitiúil ag dul go léirsiú Sellafield**

Beidh fear áitiúil ag glacadh páirt i léirsiú in aghaidh Sellafield go luath. Tá Andrew Kenny, 24 bliana d’aois, as Brosna i mBiorra. Is ealaíontóir é a chaith ceithre bliana ag staidéar i Scoil Ealaíne agus Dearadh Luimnigh. Nuair a bhí sé sa choláiste, bhí sé ina Uachtarán ar Chumann na Mac Léinn sa Scoil Ealaíne agus Dearadh agus chríochnaigh sé a chéim i 2000.

### **Bean ildánach**

Fuair ionadaí na n-oibrí, Karan O Loughlin céim onóracha i nGnóthaí Gnó agus Ceardhumainn ó UCD le gairid. Tá sé ar intinn aici céim Máistir a dhéanamh anois. Ach is i gcora crua an tsaoil a d’fhoghlaim sí an chuid is mó dá saineolas sa Chaidreamh Tionsclaíoch agus i ag dul i ngleic leis na dúshlán go díreach. D’fhág Karan an scoil go hóg chun dul ag obair i monarcha sa tSionnain. Ní raibh sí ach 16 bliana d’aois nuair a thit scáthlán bus anuas uirthi; bhí sí gortaithe go dona agus b’éigean di na bliant a chaitheamh gan obair ar feadh roinnt blianta.

Níl ach ceathrar ban ina n-oifigigh ag SIPTU i réigiún a chlúdaíonn Luimneach, an Clár, Corcaigh, an chuid is mó de Chiarraí agus Tuaisceart Thiobrad Árann, agus Karan ar dhuine acu. Tá an triúr eile i gCorcaigh. Tá sí ina rúnaí cunta craoibhe agus ina hOifigeach Tionsclaíoch i ggraobh uimhir a dó Luimnigh a thugann aire do leas 4,000 oibrí sa Bhord Sláinte agus sa Tionsclaíocht go ginearálta. Ar ndóigh is iad Ó Conghaile agus Larkin na laochra atá aici ach má fhiafraítear di cé is mó a bhfuil meas aici orthu, deir sí “na mná i dtús an 20ú haois a ghnóthaigh dúinn an ceart chun oibre agus na háiseanna a bhfuil taithí againn orthu anois ar nós saoire máithreachais le pá”. Tá Karan ina hionadaí ainmnithe ICTU anois ar Údarás Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, ach admhaíonn sí nach mbeadh áit aici go deo san oideachas tríú leibhéal murach gur bhronn SIPTU scoláireacht uirthi chun staidéar a dhéanamh i UCD. Chuir an cinneadh sin casadh ina saol.

### **Mic léinn ag iomaíocht ar son turas chun na hIodáile**

Beidh cuairfeach cócaireachta ann idir mic léinn as Institiúidí Teicneolaíochta i gCorcaigh agus i Luimneach agus iad i gcomórtas cistineoireachta. Beidh turas iontach bia san Iodáil ann mar dhuais. Beidh tuairisc faoi ghradaim bhliantúla Young Wine and Dine CERT ar chlár iomráiteach RTÉ Nationwide. I ngach ceann de na céimeanna sa chomórtas beidh foirne de bheirt, cócaire agus freastalaí, ag ullmhú, ag cócaireacht agus ag dáileadh béile dhá chúrsa laistigh de theorainn ama dhá uair go leith. I measc na moltóirí a bheidh faoi agallamh don seó beidh Jim McCarthy as Bialann Chart House sa Daingean agus Mercy Fenton as Jacobs ar an Meall, i gCorcaigh.

### **Fóram Mór Taighde in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.**

Tá taighde iarchéime á spreagadh ag éileamh cíocrach an tíogair Cheiltigh ar chéimithe le hardscileanna. Tá éileamh ollmhór sa tionsclaíocht ar cháilíochtaí eolaíochta ag leibhéal níos airde. Tá a lán postanna ann agus na céimithe eolaíochta gann, arsa Michael Geary as Roinn na hEolaíochta Feidhmigh in ITL, duine den dream a d'eagraigh an fóram mór taighde a bhí ar siúl le gairid. D'fhreastail níos mó ná 140 teachta agus bhuaigh mic léinn ITL dhá cheann de na gradaim ar son an chur i láthair is fearr. Bhuaigh Barbara Fogarty an rannóg I haoil agus Anailíse agus tá sí ag cur bailchríoch faoi láthair ar a PhD san Eolaíocht I haoil in ITL agus ba í Donna Leamy a fuair an gradam dá láithriú sa Cheimic Anailíseach. Tá céim thaighde máistreachta á dhéanamh aici in ITL chomh maith. Is í an Dr. Fiona Regan, baill d'fhoireann ITL, an maoirseoir atá ag an bheirt mhac léinn.

### **Casann Seanán lena ghrá**

